


An Clár Bí Sábháilte



bí
sábháilte

Scileanna Sábháilteachta Pearsanta le haghaidh

Rang a 1 & Rang a 2



Rang a 1 & Rang a 2

AN CLÁR BÍ SÁBHÁILTE
Le Deirdre MacIntyre agus Maria Lawlor

Chomhordaigh Patricia Shanahan ábhar agus forbairt
an eagráin seo

Arna fhoilsiú den chéad uair in 1991
Foilsíodh an t-eagrán athbhreithnithe seo in 2016

© An Clár um Chosc ar Mhí-Úsáid Páistí 2016

Buíochas

Buíochas ó chroí leo siúd ar fad a bhí páirteach san athbhreithniú ar an gClár Bí Sábháilte lena n-áirítear:

- An chroí-fhoireann forbartha ina raibh Patricia Shanahan, Marion Hefferon, Eimear Berry agus Marion McHugh
- Niamh Murphy, Anne Flynn, Deborah James agus Maria Lawlor ó fhoireann Frithbhulaíochta 'Cool School' C.A.M.H.S. Dheisceart na Mí
- Baill d'fhoireann Sláinte agus Folláine SFGM a chuidigh le hathbhreithniú ar ábhar agus acmhainní
- Kathleen McFadden a thug go leor de na scéalta sna ceachtanna seo.
- Múinteoirí agus páistí ó Bhunscoil Naomh Raphael, Baile Formaid agus Bunscoil Mhuire na Trócaire, Sligeach a ghlac páirt i dtaifeadadh amhrán agus ábhar closamhairc
- Múinteoirí agus páistí a ghlac páirt sa chlár athbhreithnithe píolótach
- Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna as athbhreithniú a dhéanamh ar an ábhar
- An Roinn Oideachais agus Scileanna as foilsíú an phacáiste seo a mhaoiniú.



Dearadh Grafach le **jean langley** graphic design services 087 2249 752

Léaráidí le Fintan Taite

Fuaim le Sound T Audio

Clár Ábhair

Bí Sábháilte: Treoir don Mhúinteoir

An Clár Bí Sábháilte.....	1
An Clár a chur i bhfeidhm.....	5
Bí Sábháilte a Theagasc	7
Tagairtí	10
Naisc	11
Aguisín A – Litir Shamplach chuig Tuismitheoir	13

Na Ceachtanna Bí Sábháilte

Comhtháthú sa Churaclam ar Fad	14
Topaic 1: Ag Mothú Sábháilte agus Neamhshábháilte.	17
Topaic 2: Cairdeas agus Bulaíocht	31
Topaic 3: Tadhaill.	49
Topaic 4: Rúin agus Insint	63
Topaic 5: Strainséirí	71

AN CLÁR BÍ SÁBHÁILTE

Treoir don Mhúinteoir

Is clár scileanna do shábháilteacht phearsanta é an clár Bí Sábháilte do bhunscoileanna. Is é aidhm an chlár an baol a bhaineann le mí-úsáid páistí agus le bulaíocht a mhaolú tríd oideachas i sábháilteacht phearsanta a sholáthar do pháistí agus oiliúint a chur ar mhúinteoirí, ar bhoird bhainistíochta scoileanna agus ar thuismitheoirí.

Tá sé leagtha amach ó thaobh na forbartha de chun cur ar chumas múinteoirí bunscoile oideachas ar chosc ar mhí-úsáid a sheachadadh ina dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna sábháilteachta pearsanta amhail mí-úsáid fhisiceach, mhothúcháinach agus mí-úsáid ghnéasach chomh maith le bulaíocht agus an baol ó strainséirí.

Ón gclár Bí Sabhailte foghlamaíonn leanaí:

- Maidir le Mothúcháin: Chun tábhacht mothúcháin a aithint; an chaoi chun iad a chur in iúl go cuí agus go háirithe mothúcháin neamhshábháilte a aithint
- Maidir le Cairdeas: Cairde a dhéanamh agus a choinneáil agus luach an chairdis
- Maidir le Bulaíocht: Cad is bulaíocht ann; straitéisí le déileáil le hiompar bulaíochta, agus nach bhfuil sé inghlactha riamh bulaíocht a dhéanamh ar dhaoine eile
- An tábhacht atá le muinín agus féinmheas a chothú
- Conas tadhall míchuí nó neamhshábháilte a aithint agus conas déileáil leis
- Go bhfuil sé ceart go leor diúltú do dhuine fásta i gcás ina bhfuil eagla orthu, nó go n-airíonn siad go bhfuil bagairt á déanamh orthu nó go bhfuil siad scanraithe
- Daoine fásta a bhfuil muinín acu astu a shainaithint, ar cheart dóibh insint dóibh má mhothaíonn siad scanraithe, faoi bhagairt, imníoch nó neamhshábháilte ar bhealach ar bith
- Tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhféadfadh duine breab a thabhairt dóibh, bob a bhualadh orthu nó bagairt a dhéanamh orthu chun rún a choinneáil
- Ní orthu féin a bhíonn an locht riamh má dhéantar leatrom nó bulaíocht orthu
- Nár cheart dóibh dul in aon áit in éineacht le strainséir go deo ná glacadh le haon ní ó strainséir
- Teanga chuí le rud a insint
- Na rialacha Bí Sábháilte:
Abair 'Stop', Imigh Leat, agus Inis do Dhuine Éigin É
Níor chóir duit rún faoi thadhall a choinneáil riamh
Ná téigh in aon áit in éineacht le strainséir go deo agus ná glac le haon ní ó strainséir

Cuirtear an bhéim ar an tábhacht atá le muinín agus féinmheas a chothú agus treallús agus cumarsáid shoiléir láidir a fhorbairt síos tríd an gclár. Múintear do pháistí nach orthu atá an locht má dhéantar bulaíocht nó mí-úsáid orthu.

Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

“Cuireann oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte (OSPS) deiseanna sonracha ar fáil chun forbairt phearsanta, sláinte agus folláine an linbh aonair a chothú, chun cuidiú leis/léi caidreamh tacaíocht le daoine éagsúla a chruthú agus a choinneáil agus a bheith ina s(h)aoránach gníomhach freagrach sa tsochaí. Trí chlár don OSPS atá pleanáilte agus comhsheasmhach ar fud na scoile, is féidir le páistí creatlach de luacha, dearcadh, tuiscint agus scileanna a fhorbairt a thabharfaidh treoir dá gcinntí agus dá ngníomhartha san am i láthair agus san am atá le teacht. Tá gné mhorálta agus spioradálta le OSPS, bíonn tionchar suntasach ag éiteas nó spiorad saintréitheach na scoile ar a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú.” (Curaclam OSPS, lch 2)

Is gá do gach bunscoil an Clár Bí Sábháilte a fhorfheidhmiú ina iomláine (Ciorclán 65/2011 ROS) laistigh de chomhthéacs an churaclaim Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte.

Ba cheart gur próiseas comhoibritheach a bheadh i bhforfheidhmiú an chlár Bí Sábháilte ina mbeadh tuismitheoirí, múinteoirí agus pobal na scoile níos leithne páirteach agus cur chuige níos comhordaithe á ghlacadh i leith cosaint páistí agus mí-úsáid páistí a chosc trí oideachas i scileanna sábháilteachta.

An réasúnaíocht le haghaidh an Chlár Bí Sábháilte

Níl aon teorainneacha ag mí-úsáid páistí. Tarlaíonn sé ag gach leibhéal socheacnamaíoch, is cuma cén cúlra eitneach agus cultúrtha atá ag duine, agus tarlaíonn sé i ngach creideamh agus ag gach leibhéal oideachais.

Tá páistí ar baineadh mí-úsáid astu agus a bhfuil faillí á dhéanamh orthu i mbeagnach gach scoil sa tír. Léirítear i dtaighde go bhfuil os cionn leath de na páistí a mbaintear mí-úsáid astu ag dul ar scoil.

Léirítear i dTuarascáil Bhliantúil 2015 na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach, TUSLA go ndearadh 43,596 cás a atreorú chuig Seirbhísí um Chosaint agus Leas Leanaí in 2015.

In 2002, tugadh le fios i dtuarascáil SAVI gur thuairiscigh duine as cúigear ban (20.4 faoin gcéad) agus duine as seisear fear (16.2 faoin gcéad) gur tharla mí-úsáid ghnéasach teagmhála dóibh ina bpáistí. (SAVI, 2002)

Taispeántar i dTuarascáil Lónra Géarchéime um Éigniú na hÉireann 2014:

- D'inis 63% d'íospartaigh a d'fhreastail ar Ionad Géarchéime um Éigniú (RCC) in 2014 gur tharla an foréigean gnéasach dóibh nuair a bhí siad ina bpáistí.
- Bíonn aithne ag déantóirí na coire i gcásanna foréigean gnéasach ar an duine ar a ndéanann siad an mhí-úsáid i bhformhór cásanna (93%).
- B'fhir iad formhór mór (96%) de na daoine a rinne foréigean gnéasach i gcoinne íospartach, idir fhir agus mhná. Meascáin a bhí i líon beag d'fhir agus de mhná ag gníomhú le chéile (3%), nó mná ag gníomhú astu féin (1%).
- Nochtaigh íospartaigh a bhí faoi bhun 13 bliana d'aois nuair a tharla an foréigean go coitianta gur baill teaghlaigh/gaolta a bhí sna mí-úsáideoirí (45%).
- Ba pháistí eile a rinne beagnach ceathrú cuid (23%) den fhoréigean gnéasach a rinneadh ar pháistí faoi 13 bliana d'aois.
- D'inis 66% de dhaoine ar baineadh mí-úsáid astu agus iad ina bpáistí a d'fhreastail ar RCC faoin mí-úsáid ar dtús dá dtuismitheoirí.

Táthar ag aithint go bhfuil ról scoileanna in oideachas ar chosc rithábachtach chun an líon páistí atá leochaileach don mhí-úsáid a laghdú.

"Is mar gheall ar mhí-úsáid páistí is mó go dtarlaíonn fadhbanna mothúchána, iompraíochta, agus sláinte ó thúis deireadh an tsaoil. Is féidir é a chosc chomh maith. Tá sé faighte amach i gclár ar scoil don oideachas luath-óige agus réamhscoile chun mí-úsáid a chosc go bhfuil na cláir éifeachtach ó thaobh eolas na ndaltaí agus iompraíochtaí cosanta a mhéadú." (Brassard and Fiorvanti, 2015)

Mar aon le leochaileacht páistí do mhí-úsáid, tá sé mar aidhm ag an gclár Bí Sábháilte folláine agus treallús a mhéadú trí eolas, scileanna agus straitéisí a thabhairt do pháistí ar bhealach atá oiriúnach dá n-aois, le ceachtanna agus acmhainní arna struchtúir go forbartha chun iad a chumhachtú.

Léirigh taighde maidir le patrúin nochta i measc páistí, tar éis a rannpháirtíocht sa chlár Bí Sábháilte, gur mhó an seans gur thuairiscigh an páiste an mhí-úsáid, gur mhó an seans go n-inseodh siad dá múinteoirí, agus gur mhó an seans go mbeadh bunús leo (MacIntyre & Carr, 1999b).

Páistí a bhfuil leochaileachtaí speisialta acu

Tá sé faighte amach tar éis blianta taighde go bhfuil páistí a bhfuil leochaileachtaí ar leith acu i mbaol níos mó ó na cineálacha éagsúla mí-úsáide agus íosparta. Áirítear le

tosca lena mbaineann riosca níos mó de mhí-úsáid páistí:

- Tuismitheoir amháin nó beirt thuismitheoirí a bheith in easnamh
- Úsáid alcóil nó drugaí i dteaghlach an íospartaigh
- Míchumas fisiceach a bheith ag an duine
- Aire a bheith á thabhairt dóibh ag duine seachas na thuismitheoirí
- Míchumas foghlama a bheith ag an duine
- Deacrachtaí sóisialta nó mothúchána a bheith ag an duine

(e.g. Davies & Jones, 2013; Putnam, 2003)

Taispeántar i staidéir ar dhéantóirí coire go ndíríonn mí-úsáideoirí páistí ar pháistí leochaileacha a bhfuil tréithe, iompair agus saintréithe áirithe acu a cheapann na déantóirí coire go mbeidh siad in ann a láimhsiú. Lorgaíonn déantóirí coire eile páistí faoi mhíchumas, nó páiste atá as féin nó a dtugtar aire dó in áit éigin scartha amach óna theaghlach.

Tugtar le fios i bhfianaise taighde go bhfuil seans 3 nó 4 huaire níos mó go ndéanfaí faillí nó go mbainfí mí-úsáid as páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, 3.8 uaire níos mó seans go ndéanfaí faillí orthu.

Tá go leor cúiseanna go mbíonn páistí éagsúla a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu níos leochaillí agus áirítear orthu:

- Bacainní cumarsáide
- Dearccháil agus breithiúnais sa tsochaí nach dtarlaíonn mí-úsáid do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
- Spleáchas
- Drogall dúshlán a thabhairt do chúramóirí
- Easpa rannpháirtíochta agus rogha i gcúrsaí cinnteoireachta
- Leibhéil níos airde bulaíochta agus cláir theoranta faoi shábháilteacht phearsanta agus oideachas pearsanta, sóisialta agus gnéis. (UK Dept. of Children, Schools and Families, 2009)

Tarlaíonn bulaíocht níos minice chomh maith do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus is mó an seans go mothóidh siad aonarach, uaigheach, agus eisiata go sóisialta (An tÚdarás Náisiúnta Míchumais (2014). Ní féidir an iomarca béime a chur ar an tábhacht a bhaineann le príomhtheachtaireachtaí an chlár Bí Sábháilte a sheachadadh do pháistí leochaileacha, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Anuas air sin, tá sé riachtanach go gcinntíonn gach scoil (príomhshrutha agus speisialta) go gcuimsítear páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i gceart in oideachas caidrimh agus gnéasachta agus go leanann an fhoireann ar fad, foireann choimhdeach agus cúntóirí riachtanas speisialta san áireamh, beartas OCG na scoile.

I gcás páistí leochaileacha agus iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, tá oideachas uileghabhálach ina chuid lárnach den réiteach ar leithlisiú agus d'fhéadfadh sé cuidiú le riosca na mí-úsáide páistí agus bulaíochta a laghdú. Nuair a fhoghlaimíonn páistí taobh lena bpiaraí, forbraíonn siad muinín agus treisítear a scileanna sóisialta agus cumarsáide. Dearadh na ceachtanna Bí Sábháilte le haghaidh éagsúlacht leathan foghlaimoirí agus stíleanna foghlama agus éascaíonn siad cur chuige cuimsitheach. I gcás páistí a bhfuil leochaileachtaí ar leith nó riachtanais speisialta oideachais acu, ba cheart riachtanais aonair a aithint agus dul i ngleic leo trí dhifreáil agus nuair is cuí, ba cheart oiriúintí nó tacaíochtaí aonair níos dírithe a chur i bhfeidhm agus a áireamh san IEP.

Difreáil

I gcás difreála is gá don mhúinteoir a chur chuige a athrú d'fhonn freastal ar stíleanna foghlama, leibhéil chumais agus suimeanna éagsúla. Tacaítear i gcuraclam OSPS le húsáid raon leathan modheolaíochtaí don fhoghlaim ghníomhach mar a luadh níos túisce.

Dá mhéid éagsúlachta sna modheolaíochtaí a úsáideann an múinteoir, is amháil is mó slite agus pointí iontrála chuig an bhfoghlaim a chuirtear ar fáil don pháiste. Cuideoidh príomhtheachtaireachtaí agus rúin foghlama ag tús gach ceachta de chuid Bí Sábháilte le múinteoirí an teagasc agus an fhoghlaim a dhifreáil dá gcuid daltaí.

Mar chuid de chur chuige difreáilte ba cheart do scoileanna smaoineamh freisin ar an bhfiúntas atá leis an bhfoclóir ábhartha a mhúineadh roimh ré agus chun príomhtheachtaireachtaí a atreisiú mar chuid de thacaíocht foghlama nó de thréimhse teagaisc acmhainní. D'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag cúntóirí riachtanas speisialta freisin, faoi threoir an mhúinteora ranga, chun foghlaim na bpríomhtheachtaireachtaí a atreisiú agus a chomhdhlúthú.

Anuas ar an gcur chuige ilmheán, bíonn scóip níos mó i gcomhair difreála ann nuair a úsáidtear éagsúlacht leathan modhanna teagaisc agus nuair a chuirtear gníomhaíochtaí forleathnúcháin san áireamh.

D'fhéadfadh na straitéisí seanbhunaithe seo chun teagasc agus foghlaim a dhifreáil a bheith úsáideach: KUDoS, Tacsanomaíocht Bloom, Ceachtanna srathacha, Grúpáil sholúbtha, Cláir an mhadra rua agus an ghé, TFC a úsáid, Ceistiú athraitheach.

Bulaíocht

Is é cúram scoile oideachas oiriúnach a sholáthar do gach duine dá daltaí. Teastaíonn timpeallacht foghlama atá cobhsaí agus slán, le gur féidir é sin a dhéanamh. Ní féidir oideachas sásúil a chur ar fáil má bhíonn iompar bulaíochta ar siúl. Taispeánann an taighde go bhféadfaidh éifeachtaí sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma a bheith

ag an mbulaíocht ar shláinte fhisiciúil agus mbeabhrach daltaí, ar an spéis a chuireann siad ina gcuid foghlama, ar a bhféinmhuinín agus ar a gcumas chun a dtoilmbhianta agus a n-ábhar spéise a shaothrú.'

(Gnásanna Frithbhulaíochta na Roinne Oideachais agus Scileanna, 2013; 1.1)

Sainmhínítear bulaíocht i ngnásanna na Roinne Oideachais agus Scileanna mar iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine (nó daoine) eile, agus a dhéantar arís agus arís eile.

Áirítear le bulaíocht duine a fhágáil as an áireamh d'aon ghnó; cúlchaint mhaifseach; caidreamh bulaíochta; cibearbhulaíocht; bulaíocht bunaithe ar aitheantas, ar nós bulaíocht homafóbach/thrasfóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar bhallraíocht den Lucht Siúil agus bulaíocht ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/aige.

In 2013, d'eisigh an Roinn Oideachais ciorclán 45/2013 ina leagtar amach go soiléir riachtanais scoileanna chun beartas frithbhulaíochta a fhorbairt a chloíonn go hiomlán le Gnásanna Frithbhulaíochta na Roinne Oideachais.

Is féidir teacht ar Chiorclán 45/2013 ag http://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/clo045_2013.pdf, agus ar na gnásanna ag <http://http://www.education.ie/ga/Scoileanna-Col%C3%A1ist%C3%AD/Eolas/Bula%C3%ADocht/Gn%C3%A1sanna-Frithbhula%C3%ADochta-i-Scoileanna.html>

Tá ábhar tacaíochta agus acmhainní eile ar fáil ag <http://www.pdst.ie/ga/node/4610> agus <https://www.webwise.ie/ga/category/muinteoiri-ga/acmhainni-don-seomra-ranga-ga/>

Mí-úsáid Páistí

Is féidir mí-úsáid páistí a rangú i gceithre chineál: faillí, mí-úsáid mhothúcháin, mí-úsáid fhisiceach agus mí-úsáid ghnéasach. D'fhéadfadh páiste a bheith thíos de bharr cineál amháin mí-úsáide nó níos mó ag aon am amháin. Baintear níos mó ná cineál amháin mí-úsáide as formhór páistí a mbaintear mí-úsáid astu. Mar shampla, d'fhéadfaí mí-úsáid fhisiceach agus mí-úsáid mhothúcháin tarlú do leanbh a mbaintear mí-úsáid ghnéasach astu.

Bíonn sé deacair faillí nó mí-úsáid páistí a shainaithint go minic agus d'fhéadfadh sé bheith ann ar go leor bealaí. Tá sainmhínte agus comharthaí agus comharthaí sóirt na mí-úsáide agus faillí le fáil in *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí*, 2011 agus in *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhuscoile na Roinne Oideachais agus Scileanna*. Tá cáipéisí ar fáil lena n-íoslódáil, mar seo a leanas:

Tús Áite do Leanaí: http://www.dcy.gov.ie/documents/publications/Children_First_Report_IRISH_LR.pdf

Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí na Roinne Oideachais agus Scileanna: http://www.education.ie/ga/Tuismitheoir%C3%AD/Eolas/Cosaint-Leana%C3%AD/cp_procedures_primary_post_primary_2011_ir.pdf

Treoirlínte maidir le haitheantas

Cuirtear béim in Tús Áite do Leanaí go bhféadfadh an cumas atá ag duine drochúsáid leanaí a aithint a bheith ag brath an oiread céanna ar a thoilteanaí is atá an té sin glacadh leis go bhféadfadh drochúsáid ag tarlú agus bhraithfeadh sé ar an eolas agus an fhaisnéis atá aige nó aici. Anuas air sin, cuireann sé i gcuimhne dúinn:

- Ní gá gurb ionann déine an chomhartha agus déine na mí-úsáide.
- D'fhéadfadh faillí a bheith chomh marfach le mí-úsáid fhisiceach.
- D'fhéadfadh dochar tromchúiseach agus fadtéarmach tarlú mar gheall ar mhí-úsáid ag leibhéal íseal a tharlaíonn go minic.
- Níl mí-úsáid leanaí teoranta do ghrúpa socheacnamaíoch, inscne nó cultúr ar bith.
- Níor cheart go ndéanfaí mí-úsáid ar pháiste nó ar dhuine óg mar gheall ar iompar dúshlánach.
- Is féidir dochar a dhéanamh do dhea-bhail fhisiceach, mhothúcháin agus shíceolaíoch linbh má nochtfar é nó í d'fhoréigean baile.
- Cé go bhfuil an tionchar is mó ag faillí ar pháistí óga, bíonn drochthionchar aige chomh maith ar ógánaigh.
- Uaireanta bíonn sé deacair idirdhealú a dhéanamh idir táscaire mí-úsáide agus deacrachtaí eile a bhíonn ag páistí agus teaghlaigh.
- D'fhéadfadh sé a bheith deacair dul i ngleic le teaghlaigh ina ndéantar faillí.
- D'fhéadfadh teaghlaigh ina bhfuil faillí agus mí-úsáid ar siúl go leor rudaí a dhéanamh chun dallamullóg a chur ar ghairmithe.
- Is gá go mbeadh scileanna breithnithe agus anailíseach ag oibríthe sóisialta chun an cineál caidrimh idir tuismitheoir agus páiste a thuiscint, chun comharthaí neamhchomhlíonta a thuiscint, le hoibriú le teaghlach, agus le teacht ar bhreithnithe sábháilte agus bunaithe

ar fhianaise maidir leis an ngníomh is fearr a ghlacadh.

- Agus tú ag obair sa réimse a bhaineann le mí-úsáid agus faillí páistí, bíonn tú ag déileáil le neamhchinnteacht.

An Mí-úsáideoir

Cé gur mó an seans go ndéanfaidh tuismitheoir nó cúramóir mí-úsáid ar pháiste, d'fhéadfadh duine fásta eile nó páiste nó ógánach eile mí-úsáid a dhéanamh chomh maith. Bíonn aithne mhaith ag an bpáiste agus a t(h) eaghlach ar fhormhór mí-úsáideoirí.

D'fhéadfadh sé gur fear nó bean é an mí-úsáideoir, ag aois ar bith agus ó aon chúla sóisialta. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé go ndearnadh mí-úsáid ar an mí-úsáideoir féin. Fir is ea iad formhór na mí-úsáideoirí gnéis atá ar eolas. (RCNI, 2014)

An tíospartach

D'fhéadfadh páiste ar bith a bheith ina íospartach mí-úsáide. D'fhéadfadh páistí a bheith ina n-íospartaigh ag mí-úsáid páistí ag aois ar bith ón gclabhán amach. Baineann formhór na gcásanna de mhí-úsáid ghnéasach páistí a bhfuil eolas fúthu le páistí idir ceithre bliana agus dhá bhliain déag d'aois. Tá buachaillí chomh leochaileach le cailíní.

Tosca cosantacha iad muinín agus treallús.

Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí na Roinne Oideachais agus Scileanna

Caithfidh gach scoil Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscóile na Roinne Oideachais agus Scileanna a ghlacadh agus a fhorfheidhmiú go foirmiúil, gan iad a athrú, mar chuid dá mbeartas foriomlán um chosaint leanaí.

Ní mór do gach pearsanra scoile feidhmiú de réir nósanna imeachta um chosaint leanaí na Roinne Oideachais 2011 ina luaitear:

'Sa chás go ndéantar líomhain le duine den fhoireann nó go mbíonn duine den fhoireann in ambras gur tugadh drochúsáid nó faillí ar leanbh, nó go bhfuil drochúsáid nó faillí á dtabhairt ar leanbh, nó go bhfuil leanbh i mbaol drochúsáid nó faillí a thabhairt air, déanfaidh an fostaí sin de chuid na scoile, gan mhoill, tuairisc ar an gcás a thabhairt don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe sa scoil.'

(Nósanna Imeachta na Roinne Oideachas 4.1 Ich 26)

Daoine fásta a ngoilleann mí-úsáid orthu

D'fhéadfadh sé go bhfuil taithí phearsanta dhíreach nó taithí teaghlaigh ar mhí-úsáid páistí ag roinnt úsáideoirí den Chlár Bí Sábháilte. Dhéileáil mórán acu leis le líonra tacaíocht ón teaghlach agus ó chairde. Mar sin féin, d'fhéadfadh caint maidir le mí-úsáid páistí cuimhní cinn agus mothúcháin ghoilliúnacha a spreagadh iontu. Ba cheart go mbeadh a fhios ag aon duine a bhfuil an clár ag dul i gcion orthu ar an gcaoi sin gur minc gur gá do dhaoine fásta ar baineadh mí-úsáid astu ina n-óige labhairt le duine báuil i dtimpeallacht shábháilte agus faoi rún, e.g. comhairleoir gairmiúil, agus go gcuidíonn sé sin leo. Chun an próiseas cneasaithe a éascú tá sé tábhachtach go dtabharfaí am agus spás chun é sin a dhéanamh. Cuireann eagraíochtaí éagsúla tacaíocht agus comhairle ar fáil maidir leis an gcomhairleoireacht sin. (Feic na Naisc, leathanach 11)

An Clár a chur i bhfeidhm

Réamhobair/Obair chomhthreomhar

Ba cheart an Clár Bí Sábháilte a theagasc i gcomhthéacs an oideachais shóisialta, phearsanta agus shláinte. Tá sé bunaithe ar na croí-ghnéithe seo a leanas, a bhfuil gach ceann díobh ina cuid lárnach den churaclam OSPS.

- Féinmheas páistí a chothú
- Muinín páistí a fhorbairt
- Cur ar chumas páistí a bheith treallúsach
- Cuidiú le páistí a mothúcháin a shainathint agus a chur in iúl.

I gcomhthéacs leathan seo an OSPS, comhábhar tábhachtach den chlár is ea an réamhobair/obair chomhthreomhar.

Mothúcháin

Sula dtugtar isteach na ceachtanna Bí Sábháilte, tá sé tábhachtach gur féidir le páistí mothúcháin éagsúla a ainmniú agus a aithint agus go bhfuil dóthain deiseanna acu chun topaic na mothúchán a phlé go ginearálta. Is féidir na comhráite seo a chomhtháthú i rith an churaclaim in áiteanna mar fhorbairt teanga ó bhéal agus scríofa, drámaíocht, filíocht agus scéalta. Féadfaidh tuismitheoirí agus múinteoirí cabhrú le páistí foghlaim go gcabhraíonn ár mothúcháin linn muid féin a thuiscint níos fearr. Tá sé tábhachtach chomh maith go bhfoghlaimíonn páistí an tslí chun mothúcháin éagsúla a chur in iúl agus déileáil leo ar bhealach oiriúnach.

Tá ceachtanna breise sa chlár Misneach a chabhraíonn le daltaí ag gach leibhéal ranga chun mothúcháin a ainmniú, a aithint agus a thuiscint.

Féinmheas

Lena chinntiú go gcuirtear an clár in iúl i gceart, tá sé tábhachtach go n-úsáideann múinteoirí, tuismitheoirí agus daoine fásta suntasacha eile i saol an pháiste gach deis féideartha chun féinmheas agus muinín an pháiste a fhorbairt. Ba cheart dá bhféadfaí é na gníomhaíochtaí a chomhtháthú sa churaclam ar fad. Tá sé tábhachtach na straitéisí céanna a úsáid ar scoil agus sa bhaile. Tá féinmheas ard ríthábhachtach do shonas agus do shástacht páiste. Tá sé tábhachtach dá bhrí sin, go bhfuil an baile agus an scoil feasach ar fhorbairt chomhchuí féinluacha páistí a chur chun cinn. Teastaíonn grá, slándáil agus cúram ó gach páiste. Teastaíonn uathu chomh maith fios a bheith acu go bhfuil meas orthu sa bhaile, ar scoil agus sa seomra ranga.

Treallús

Is é is treallús an cumas a bheith in ann seasamh suas do chearta an duine féin gan a bheith ionsaitheach. Tugtar cead do pháistí sna ceachtanna Bí Sábháilte “Níl” a rá i gcúinsí áirithe. Ar an mbealach seo, féadfaidh siad cabhrú chun treallús páistí a fhorbairt. Tá sé riachtanach go mbeadh comhoibriú agus caidreamh idir tuismitheoirí agus múinteoirí lena chinntiú go mbíonn comhsheasmhacht idir an baile agus an scoil.

Teorainneacha Pearsanta agus Spás Coirp

Teastaíonn ó pháistí muintearas a bhrath lena spás pearsanta féin agus le spás pearsanta daoine eile. Múintear do pháistí níos óige an bhrí atá le pearsanta agus le príobháideach. Iarrtar orthu chomh maith liosta a dhéanamh de dhaoine ar mhaith nó nár mhaith leo croí isteach a thabhairt dóibh nó lámh a chroitheadh leo, etc. Pléann páistí níos sine an riachtanas atá acu féin agus ag daoine eile le haghaidh spás agus príobháideachas ina saol.

Scileanna Sábháilteachta Eile

Sula gcuirtear scileanna sábháilteachta pearsanta in iúl do pháistí, smaoineamh maith a bheadh ann go mbeadh scileanna sábháilteachta atá ábhartha do réimsí eile mar sábháilteacht ar bhóithre; sábháilteacht uisce; sábháilteacht le cógais leighis, etc. foghlamtha ag páistí cheana féin.

Forbairt Teanga agus Stór Focal

Chun éifeachtacht na gceachtanna Bí Sábháilte a mhéadú, is fearr go mbeadh eolas ag na páistí ar an stór focal a úsáidfear sa cheacht sula dtosaíonn an ceacht.

Bunrialacha a leagan síos

Sula múintear ceachtanna Bí Sábháilte, d'fhéadfaidh sé a bheith áisiúil do mhúinteoirí roinnt ama a chaitheamh ag leagan síos bunrialacha chun an clár a chur i bhfeidhm. D'fhéadfaí a áireamh sna rialacha sin: deis a thabhairt do gach duine labhairt; gan cur isteach ar dhaoine; meas ar a chéile agus ar na daoine fásta atá i gceannas; rúndacht; tacaíocht dá chéile; cothrom na féinne.

I ranganna Sóisearacha, d'fhéadfaí cúpla nóiméad ag tús gach ceachta a chaitheamh ag spreagadh daltaí chun úsáid a bhaint as ‘Éisteacht leis an gCorp Uile’. Taispeáin do na páistí conas suí i gcomhair ‘Éisteacht leis an gCorp Uile’.

I dtosach, cuirimid an dá chos ar an urlár, tóin ar an suíochán, lámha ar na glúine, cluasa oscailte, súile ag féachaint anseo, inchinn ar siúl. Anois tá muid ag éisteacht leis an gcorp uile.

Abair leis na daltaí suí mar sin ar feadh roinnt nóiméad chun éisteacht leis an gcorp uile a chleachtadh. Cé na fuaimeanna a chloiseann siad timpeall na scoile?

Tá ‘Amhrán na hÉisteachta’ (Le fonn Frere Jacques) le fáil in acmhainní an mhúinteora do Naíonáin (Acmhainní an Mhúinteora 1).

An Clár a theagasc

Ba cheart an clár Bí Sábháilte a theagasc ina iomláine thar scoilbhliain amháin. Cuireann gach topaic leis an bhfoghlaim ón topaic roimhe. Ba cheart go gcinnteodh múinteoirí, dá bhrí sin go múintear topaicí i ndiaidh a chéile, ag tosú le Topaic 1 agus ag oibriú tróthu chuig Topaic 5.

Ba cheart do scoileanna dá bhféadfaidís é oibriú tríd an gclár in aon bhloc amháin mar go bhfuil sé níos éifeachtaí ar an mbealach sin. Pleanálann go leor scoileanna a gclár oibre OSPS lena chinntiú go bhfuil an clár á dhéanamh ag gach rang ag an am céanna.

Úsáidtear cur chuige ilmheán sa chlár Bí Sábháilte chun foghlaim agus sealbhú coincheapa a bhreisiú. Mar aon le snáithe eile den churaclam OSPS, tá go leor den ábhar Bí Sábháilte bunaithe ar phróiseas agus ar phatrúin iompair a leagan síos. Dá bhrí sin, cuirtear béim sa phróiseas teagaisc ar fhoghlaim ghníomhach agus rólimirt. Ní leor go gcuimhníonn páistí ar na scileanna sábháilteachta pearsanta a fhoghlaimíonn siad ach is gá go mbeidís in ann na scileanna seo a úsáid ina saol gach lá.

D'fhoghlaim daltaí níos mó agus bhí siad ina máistrí níos fearr ar scileanna nuair a bhain an oiliúint leis na daltaí ag dul i ngleic le cleachtadh gníomhach, agus go ndearnadh cruthú agus atreisiú ina dhiaidh sin...

(Curaclam OSPS, lch 8)

Cuireann am scoile don OSPS spás ar fáil do mhúinteoirí chun saincheistanna mothálacha a láimhseáil nó chun iniúchadh a dhéanamh ar shaincheistanna nach dtugtar aghaidh orthu i réimsí eile den churaclam. Tugann sé am agus scóip ar leith do dhaltai chun scileanna áirithe a fhorbairt agus a chleachtadh chomh maith. Agus saincheistanna mothálacha á láimhseáil, luaitear i gcuraclam OSPS

'bheadh sé níos oiriúnaí, b'fhéidir, don mhúinteoir é a eagrú i mbloic ama agus úsáid a bhaint as de réir mar is gá seachas cloí le tréimhse ainmnithe ama i ngach seachtain.'

Tosaíonn gach topaic le breac-chuntas ar an gcaoi ar féidir an topaic a mhapáil thar an gcuraclam OSPS agus réimsí curaclaim ábhartha eile.

Trí chur chuige comhtháite a úsáid, beidh múinteoirí in ann a bheith solúbtha leis an amchlár le haghaidh am scoile.

Timthriall Dhá Bhliain OSPS

Cuirtear curaclam OSPS i láthair i dtrí shnáithe: *Mise, Mise agus Daoine Eile* agus *Mise agus an Domhan Mór*. Roinntear gach snáithe ansin ina shnáithaonaid. Tá naoi snáithaonad do gach rang ó na Naíonáin Shóisearacha go Rang a Dó agus deich snáithaonad do gach rang ó Rang a Trí ar aghaidh.

Snáitheanna	Snáithaonaid
Mise	Féinaithne Ag Tabhairt Aire do mo Chorp Ag Fás agus ag Athrú Sábháilteacht agus Cosaint Ag Déanamh Cinntí (Rang a 3 go 6)
Mise agus Daoine Eile	Mise agus mo Mhuintir Mo Chairde agus Daoine Eile Caidreamh le daoine eile
Mise agus an domhan mór	Oideachas na meán cumarsáide Ag forbairt Saoránachta

Ba cheart snáithe uile an churaclaim OSPS a theagasc thar thimthriall dhá bhliain. Molann CNCM go gcinntíonn múinteoirí go gclúdófaí snáithaonaid ó gach ceann de na trí shnáithe, *Mise, Mise agus Daoine Eile* agus *Mise agus an Domhan Mór*, i ngach scoilbhliain.

Forbraíonn go leor scoileanna plan dhá bhliana don OSPS, ag roinnt snáithaonaid ionas go mbíonn gach rang, ó na Naíonáin Shóisearacha go Rang a Sé ag clúdach na snáithaonaid céanna ag an am céanna gach bliain.

Mar aon lena chinntiú go gclúdaítear gach snáithe agus snáithaonad mar a mholtar i dtreoirilínte curaclaim OSPS, cinntíonn an cur chuige seo go gclúdaíonn daltaí na snáithaonaid seo go cuí i ranganna ilghráid.

Dearadh an teimpléad forfheidhmithe seo a leanas don churaclam OSPS lena chinntiú go gclúdaítear gach snáithe agus gach snáithaonad mar a mholtar i dtreoirilínte curaclaim OSPS.

Léargas Ginearálta ar Ábhar chun OSPS a nascadh le Bí Sábháilte athbhreithnithe

Snáitheanna	Snáithaonaid (Bliain 1)	Snáithaonaid (Bliain 2)
Mise	Féinaithne Sábháilteacht agus Cosaint Ag Déanamh Cinntí (Rang a 3 go 6)	Ag Tabhairt Aire do mo Chorp Ag Fás agus ag Athrú
Mise agus Daoine Eile	Mo Chairde agus Daoine Eile	Mise agus mo Theaghlac Caidreamh le daoine eile
Mise agus an domhan mór	Oideachas na Meán Cumarsáide	Ag Forbairt Saoránachta

Pleananna Ceachta Bí Sábháilte

Tá an clár Bí Sábháilte saincheaptha ó thaobh na forbartha de agus tá ceithre shraith ceachtanna ann atá oiriúnach do na Naíonáin, rang a 1 agus rang a 2, rang a 3 agus rang a 4, agus rang a 5 agus rang a 6. Tá an cur chuige comhoiriúnach le struchtúr an churaclaim OSPS. Roinntear na pleananna ceachta sna cúig Topaic Bí Sábháilte:

- Ag Mothú Sábháilte agus Neamhshábháilte
- Cairdeas agus Bulaíocht
- Tadhaill
- Rúin agus Insint
- Strainséirí

Tá na ceachtanna sa chlár Bí Sábháilte ar nós mar a bheadh fáinne ann, sa mhéid is go dtéitear siar ar ábhar den chineál céanna ag gach leibhéal agus tá na próisis, cur chuige agus faisnéis curtha in oiriúint le riachtanais páistí ag am ar leith agus ag a gcéimeanna éagsúlachta ullmhachta a léiriú.

Struchtúr na gCeachtanna

Ag tús gach topaice, tá bunús na topaice sin, an mhapáil ábhartha do réimse curaclaim eile agus stór focal rithábhachtach le fáil. Tá príomhtheachtaireachtaí, acmhainní riachtanacha, rún foghlama, réamhrá, forbairt an cheachta agus conclúid i ngach plean ceachta. Tá moltaí maidir le hobair leanúnach / forleathnúcháin i roinnt ceachtanna. Tá Bileoga Oibre agus Naisc Baile is Scoile le fáil ag deireadh gach topaice.

Tá lipéad agus uimhir ar Acmhainní an Mhúinteora (AM), bileoga oibre (BO) agus Naisc Baile is Scoile (BO/Nasc Baile is Scoile) do gach leibhéal.

Is féidir rochtain a fháil ar an ábhar agus ar na hacmhainní teagaisc don chlár Bí Sábháilte ar an DVD a ghabhann leis agus Acmhainní an Mhúinteora atá ar fáil ar www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Cur Chuige agus Modhanna Teagaisc

Mar aon le snáithe den churaclam OSPS, tá go leor den ábhar Bí Sábháilte bunaithe ar phróiseas agus ar phatrúin iompair a leagan síos. Dá bhrí sin, cuirtear béim sa phróiseas teagaisc ar fhoghlaim ghníomhach agus rólímirt. Ní leor go gcuimhníonn páistí ar na scileanna sábháilteachta pearsanta a fhoghlaimíonn siad ach is gá go mbeidís in ann na scileanna seo a úsáid ina saol gach lá.

Cuirtear na pleananna ceachta in oiriúint ó thaobh na forbartha de. Úsáidtear cur chuige ilmheán sa chlár chun foghlaim agus sealbhú coincheapa a bhreisiú. Cuirtear coincheapa i láthair de réir a chéile. Forbraítear go nádúrtha gach ceacht nua bunaithe ar an gceacht roimhe sin.

I rith an chláir, úsáidtear cur chuige agus modhanna teagaisc cosúil le plé ranga/grúpa, foghlaim ghníomhach, obair chiorcail, rólímirt, foghlaim chomhoibritheach, réiteach fadhbanna, scileanna trí ábhar, cluichí comhoibritheacha, drámaíocht agus ealaín, chun rannpháirtíocht dalta a spreagadh agus chun foghlaim a chur chun cinn.

Measúnú

‘Is éard is measúnú ann ná an próiseas trína dhéantar eolas a bhailiú, a thaifeadadh, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú faoi dhul chun cinn agus faoi ghnóthachtáil páiste maidir le forbairt a n-eolas, a gcuid scileanna agus a gcuid meonta. (CNCM, 2007, Lch7).

Tugtar breac-chuntas Measúnú i gCuraclam na Bunscoile - Treoirínte do scoileanna (CNCM) ar chuspóir an mheasúnaithe mar rud ‘a thugann pictiúr’ de dhul chun cinn agus/nó gnóthachtáil páiste thar am. Baineann measúnú, mar sin le faisnéis a bhailiú chun tuiscint níos fearr a fháil ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag páiste agus an fhaisnéis seo a úsáid chun foghlaim an pháiste a bhreisiú. Díritear sna treoirínte seo ar dhá chur chuige prionsabail le Measúnú:

- Measúnú ar an bhFoghlaim
- Measúnú chun Foghlama

Aithnítear sna treoirilínte measúnaithe nach ‘féidir gach rud a fhoghlaimíonn páiste a mheasúnú agus ní gá’ (CNCM, 2007, lch 12). Anuas air sin, luaitear sa churaclam OSPS:

In an-chuid cásanna tiocfaidh fíor-iarmhairt na foghlama in OSPS i bhfeidhm i bhfad tar éis don pháiste an bhunscoil a fhágáil. Mar an gcéanna, braithfidh gnóthú go leor de chuspóirí an churaclaim ar aibíocht mhothúcháinach, intleachtúil agus shóisialta an pháiste sa chaoi gur féidir difríochtaí móra a bheith sna rátaí dul chun cinn ó pháiste go chéile.

Is deacair freisin measúnú a dhéanamh ar éifeacht teachtaireachtaí pearsanta, sóisialta agus sláinte ar an bpáiste aonair agus ar an dóigh a ndéanann sé/sí an fhoghlaim a inmheánú.’ (Curaclam OSPS, lch 71)

Ach, is féidir roinnt modhanna measúnaithe, bunaithe ar na treoirilínte um Measúnú, lena n-áirítear dírbhreathnú an mhúinteora, comhdháil, ceistiú, mapáil choincheapa, féinmheasúnú, measúnú punainne, agus tascanna a dhearann an múinteoir a úsáid i rith an chláir

Tá tuilleadh faisnéis maidir le measúnú ar fud an churaclaim OSPS le fáil ag http://www.ncca.ie/uploadedfiles/IRISHPDF/SPHE_Cur.IR.pdf

An seans go bhféadfaí nochtadh a dhéanamh

Mar gheall gurb é an teachtaireacht bhunúsach atá sa chlár Bí Sábháilte go bhféadfaidh agus gur cheart do pháistí insint do dhuine fásta má tá fadhb acu, d’fhéadfadh sé go bhfaigheadh páiste sa rang misneach le dul i muinín múinteora. Ba cheart go mbeadh eolas ag múinteoirí ar nósanna imeachta na Roinne Oideachais maidir le freagairt go cuí d’amhras nó nochtadh maidir le mí-úsáid páiste.

Páistí a ngoilleann mí-úsáid orthu

Mar gheall nach mbíonn a fhios ag scoileanna faoi pháistí áirithe a ndearnadh nó a bhfuil mí-úsáid á déanamh orthu faoi láthair, is fearr a bheith cúramach i gcónaí. I gcás ina bhfuil a fhios ag an scoil faoi chás ar leith, tá sé ríthábhachtach go labhrófaí le teaghlach an pháiste. D’fhéadfadh páistí a ndearnadh mí-úsáid orthu comharthaí anacra a léiriú agus b’fhéidir go mbeidís ag iarraidh é a insint arís nó labhairt faoina mí-úsáid. Is gá socruithe cuí a dhéanamh chuige seo sula dtéitear ar aghaidh leis na ceachtanna. D’fhéadfadh roinnt páistí faoiseamh a chur in iúl tar éis na gceachtanna. D’fhéadfadh sé seo tarlú mar gheall go dtuigeann siad go ndearnadh an rud céanna le páistí eile. Cabhraítear agus tacaítear freisin le páistí a ndearnadh mí-úsáid orthu nuair a deirtear leo nach orthu féin a bhí an locht faoin mí-úsáid.

Rannpháirtíocht Tuismitheoirí

Tá comhpháirtíocht le tuismitheoirí ina gné ríthábhachtach i gcur chun cinn agus i dtógáil scileanna saoil. Tá sé léirithe ag taighde go bhfuil nasc díreach ag rannpháirtíocht tuismitheora i gclár um chosc mí-úsáide le rath níos mó an chláir. Is é is cúis leis seo an chumarsáid mhéadaithe idir an tuismitheoir/cúramóir agus an páiste maidir le saincheistanna mothálacha agus mí-úsáid. Anuas air sin, má bhíonn tuismitheoirí rannpháirteach, tugtar níos mó deiseanna do pháistí chun na coincheapa agus na teachtaireachta a fhoghlaimíonn siad a athrá.

Tá rannpháirtíocht tuismitheora ina cuid ríthábhachtach den chlár i dtéarmaí atreisthe agus leanúnachais.

Áirítear Nasc Baile is Scoile ar gach topaic síos tríd an gclár. Cuirfidh na Nasc Baile is Scoile seo tuismitheoirí / cúramóirí ar an eolas maidir leis na topaicí agus na ceachtanna ar leith atá á bplé sa rang agus conas is féidir na teachtaireachtaí a atreisiú sa bhaile.

Tá sé de cheart ag tuismitheoirí rogha a dhéanamh a bpáiste/bpáistí a thógáil amach as aon cheann de ghnéithe goilliúnacha an chláir OSPS, lena n-áirítear Bí Sábháilte más mian leo é sin a dhéanamh. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go gcuireann scoileanna tuismitheoirí/cúramóirí ar an eolas go bhfuil Bí Sábháilte á chur i bhfeidhm sa scoil. Déantar é seo de ghnáth nuair a chuirtear na páistí ar an rolla. Ba cheart do thuismitheoirí teagmháil a dhéanamh leis an scoil má bhíonn aon cheistanna acu nó aon imní orthu maidir le rannpháirtíocht a bpáiste sa chlár. Ba cheart do scoileanna oibriú le tuismitheoirí i dtaca le haon cheistanna nó imní a d’fhéadfadh a bheith orthu. Ní gá toiliú tuismitheora a fháil i scríbhinn sula dtosaítear ag teagasc Bí Sábháilte. Ach, i gcás go dtarraingíonn tuismitheoir siar a pháiste ó rannpháirtíocht sa chlár, moltar do scoileanna taifead scríofa a choinneáil de na cúiseanna go ndearnadh sin.

Dea-chleachtas é chomh maith a chur in iúl do thuismitheoirí/chúramóirí sula dtosaíonn ceachtanna trí théacs nó nóta a sheoladh chucu. Féadfaidh tuismitheoirí ábhar na gceachtanna Bí Sábháilte a léamh ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tagairtí

Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile ciorclán 45/2013

Brassard agus Fiorvanti: School Based Child Abuse Prevention Programs, Psychology in the Schools, Iml. 52(1), 2015

Davies, E. A., & Jones, A. C. (2013). Risk factors in child sexual abuse. Journal of Forensic and Legal Medicine, 20(3), 146-150.

An Roinn Oideachais agus Scileanna, Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile 2011

An Roinn Oideachais agus Scileanna, Gnásanna Frithbhulaíochta, 2013; 1.1

An Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí, 2011

McGee H, Garavan R, deBarra M, Byrne J, Conroy R. Tuarascáil SAVI. Sexual Abuse and Violence in Ireland. A national study of Irish experiences, beliefs and attitudes concerning sexual violence. Baile Átha Cliath: Liffey Press, 2002

Kenny et al (2008). Child sexual abuse: From prevention to self-protection. Child Abuse Review, 17, 36-54.

MacIntyre, D. & Carr, A. (1999). The effects of child sexual abuse. Journal of Child Centred Practice, 6, (1), 87-126.

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais (2014). Preventing school bullying of children with Special Educational Needs or Disability. Baile Átha Cliath: NDA.

CNCM, Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna (2007)

Putnam, F. W. (2003). Ten-year research update review: Child sexual abuse. Journal of the American Academy of Child & Adolescent Psychiatry, 42(3), 269-278.

Líonra Éigeandála um Éigniú na hÉireann, Staitisticí Líonra Éigeandála um Éigniú, 2014

Tusla, An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, Tuarascáil Bhliantúil 2015

UK Department for Children, Schools and Families, Safeguarding disabled children: practice guidance (2009)

Naisc

An tIonad Frithbhulaíochta

Bunaithe in DCU, déanann an tIonad Frithbhulaíochta (ABC) taighde maidir le bulaíocht ar scoil, bulaíocht san ionad oibre, bulaíocht homafóbach agus cibearbhulaíocht.

<http://www4.dcu.ie/abc/index.shtml>

Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile (An Roinn Oideachais agus Scileanna)

<http://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Eolas/Bulaíocht/Gnásanna-Frithbhulaíochta-i-Scoileanna.html>

Barnardos

Eagraíocht a chuireann teiripe ar fáil do pháistí a ndearnadh mí-úsáid ghnéasach orthu, agus seirbhís tacaíochta, lena n-áirítear comhairleoireacht, do theaghlaigh agus do ghrúpaí a dtéann mí-úsáid i bhfeidhm orthu.

1850 222 300

www.barnardos.ie

Fondúireacht CARI

Cuireann Fondúireacht CARI seirbhís ar fáil d'íospartaigh mhí-úsáide agus do bhaill a gcuid teaghlach nach mbaineann mí-úsáid astu.

1890 924567

<http://www.cari.ie/>

Childline

Seirbhís í seo atá á reáchtáil ag Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí (ISPCC) le haghaidh aon pháiste atá i dtrioblóid nó i mbaol. Tá seirbhís tacaíochta téacs ag Childline – seol teachtaireacht téacs 'Talk' chuig 50101. Tá seirbhís téacs speisialta ar fáil do dhaoine óga a bhfuil bulaíocht á déanamh orthu, seol teachtaireacht téacs 'Bully' chuig 50101.

1800 66 66 66

www.childline.ie

Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí

http://www.sphe.ie/childprodownloads/sphe_chilpro_05_irish.pdf

Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile (An Roinn Oideachais agus Scileanna)

http://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Child-Protection/cp_procedures_primary_post_primary_2011.pdf

Ionad Éigeandála um Éigníú Bhaile Átha Cliath

Tairgeann Ionad Éigeandála um Éigníú Bhaile Átha Cliath raon leathan seirbhísí do mhná agus d'fhir a gcuireann éigníú, ionsaí gnéasach, ciapadh gnéasach nó drochúsáid ghnéasach leanaí isteach orthu. Áirítear líne chabhrach náisiúnta a bhíonn ar fáil 24 uair an chloig in aghaidh an lae leis na seirbhísí.

1800 77 88 88

www.drcc.ie

Clár Bunscoileanna an Gharda Síochána

Tugann Gardaí pobail, mar chuid de Clár Scoileanna na nGardaí, cainteanna uathu ar a dtugtar "Cumarsáid ar Líne le Meas", a dhírítear ar dhaltai i rang a 5. Clúdaíonn siad raon topaicí lena n-áirítear cibearbhulaíocht agus ceisteanna ginearálta slándála agus sábháilteachta ar líne.

Más mian leat teacht ar cheann de na cainteanna sin, déan teagmháil leis an stáisiún Gardaí is gaire duit, nó le Clár Scoileanna na nGardaí ar 01 6663891.

Hotline.ie

Soláthraíonn hotline.ie áis gan ainm don phobal chun ábhar mídhleathach a bhfuil amhras faoi agus a fheictear ar an idirlíon a thuairisciú.

www.hotline.ie

1890 610 710

Líne Chabhrach LGBT

Cuireann an Líne Chabhrach LGBT tacaíocht éisteachta agus seirbhís faisnéise ar fáil do dhaoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinscneacha mar aon lena dteaghlaigh agus a gcairde.

Teil. 1890 929 539

www.lgbt.ie

An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM)

Na hacmhainní a forbraíodh le tacú le Seimineáir agus Seisiúin Faisnéise um Chosaint Leanaí de chuid SFGM. Tá naisc ar na leathanaigh seo chomh maith chuig suíomhanna idirlín agus ábhair éagsúla a thacaíonn le forfheidhmiú iomlán ‘Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí’ agus ‘Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile’ de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna.

<http://www.pdst.ie/Child-Protection-Guidelines-Home>

Ábhar Tacaíochta Frithbhulaíochta SFGM

Tá sé i gceist go n-úsáidfeadh scoileanna ábhar tacaíochta frithbhulaíochta SFGM le cuidiú chun Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile na Roinne Oideachais agus Scileanna (2013) a fhorfheidhmiú.

<http://www.pdst.ie/ga/node/4610>

Bulaíocht Homafóbach agus Thrasfóbach a Chosc: Foilseachán INTO

Atmaisféar scoile atá fáilteach agus dearfach a chruthú chun bulaíocht homafóbach agus trasfóbach a chosc

https://www.into.ie/ROI/Publications/GLEN_Irish_Final.pdf

One in Four

Tugann One in Four tacaíocht d’fhir agus do mhná a ndearnadh mí-úsáid ghnéasach orthu ina bpáistí. Tá sé mar aidhm ag an eagraíocht an mhinicíocht mí-úsáide gnéasaí a laghdú trí idirghabháil i bpríomhréimsí de thimthriall na mí-úsáide.

www.oneinfour.ie

Líonra Géarchéime um Éigniú na hÉireann

Is ionad speisialta eolais agus acmhainní ar éigniú agus gach cineál foréigin ghnéasaigh é Líonra Géarchéime um Éigniú na hÉireann.

www.rcni.ie

Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG)

Acmhainní agus ábhair teagaisc le tacú le múinteoirí bunscoile agus scoileanna i bhforbairt beartas OCG agus i bhforfheidhmiú OCG i gcomhthéacs an churaclaim OSPS.

<http://www.pdst.ie/node/811>

An tSeirbhís Tacaíochta d’Oideachas Speisialta

Comhordaíonn, forbraíonn agus seachadann an tseirbhís seo raon tionscnamh agus struchtúr tacaíocht forbartha gairmiúil do phearsanra scoile atá ag obair le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna príomhshrutha, i scoileanna speisialta agus i ranganna speisialta.

<http://www.sess.ie>

An Clár Bí Sábháilte

Teach an Droichid, Ospidéal Ghort na Silíní, Baile Átha Cliath 10.

076 695 5547

www.staysafe.ie

TUSLA: An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

Tá an phríomhfhreagracht ar an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach sábháilteacht agus folláine leanaí a chur chun cinn. Ba cheart an ghníomhaireacht a chur ar an eolas i gcónaí nuair a bhíonn fothaí imní réasúnacha ag duine go bhféadfadh sé go ndearnadh mí-úsáid nó faillí ar pháiste, go bhfuil mí-úsáid nó faillí á dhéanamh ar pháiste nó go bhfuil páiste i mbaol mí-úsáide nó faillí. Tá sonraí teagmhála d’oibrithe sóisialta na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach ar fáil ag:

<http://www.tusla.ie/services/child-protection-welfare/contact-a-social-worker/>

An Clár Misneach

Acmhainní don seomra ranga le tacú le forfheidhmiú an churaclaim ar Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS). Dírítear sa chlár ar oideachas a chur ar dhaoine óga faoi na contúirtí a bhaineann le mí-úsáid na ndrugaí is coitianta, go háirithe alcól agus nicitín. Leathnaíonn clár athbhreithnithe Misneach an bunfhócas chun gnéithe de shaol páistí a chur san áireamh, cosúil le sábháilteacht phearsanta agus forbairt i dtreo caithreachais.

<http://www.pdst.ie/walktall>

Webwise

Is é Webwise Ionad na hÉireann um Fheasacht ar Shábháilteacht Idirlín. Cuireann sé acmhainní teagaisc agus comhairle ar fáil maidir le topaicí sábháilteachta Idirlín, lena n-áirítear cibearbhulaíocht agus na meáin shóisialta.

www.webwise.ie

Aguisín A

A Thuismitheoir dhil,

Tá sé beartaithe againn clár oideachais ar shábháilteacht phearsanta a theagasc sna seachtainí seo atá amach romhainn dar teideal Bí Sábháilte. Is éard is aidhm leis an gclár Bí Sábháilte scileanna sábháilteachta pearsanta a theagasc do pháistí le go mbeidh siad in ann iad féin a iompar i gcásanna a ghoillfeadh orthu nó a bheadh contúirteach. Pléitear ann i dtosach cásanna coitianta a mbeidh ar bhunús na bpáistí déileáil leo in am éigin, m.sh. iad ag dul ar strae nó duine ag imirt bulaíocht orthu. Múineann an clár do pháistí chomh maith, na scileanna sábháilteachta a bheidh ag teastáil uathu le hiad féin a chosaint ar mhí-úsáid ghnéasach nó chorpártha agus cuirfear béim ar a thábhachtaí agus atá sé aon fhadhbanna a bheadh acu a chur in iúl do dhuine fásta a bhfuil muinín acu as nó aisti.

Is cuid den churaclam Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte é an clár Bí Sábháilte agus iarrtar ar gach bunscoil é a chur i bhfeidhm. Tá sé riachtanach go mbeadh comhoibriú idir tuismitheoirí agus múinteoirí ionas go n-éireoidh leis an gclár seo. Tá sé tábhachtach go mbeadh tuismitheoirí ar an eolas faoi ábhar na gceachtanna Bí Sábháilte agus go mbeadh siad in ann na ceachtanna a phlé lena gcuid páistí. B'fhéidir go dtabharfadh do pháiste bileoga oibre abhaile a thabharfaidh treoir duit maidir leis na topaicí atá á bplé sa rang agus conas is féidir leat na teachtaireachtaí a atreisiú sa bhaile.

Féadfaidh tú ábhar na gceachtanna Bí Sábháilte a léamh ag www.staysafe.ie/teachers/resources.htm. Téigh i dteagmháil leis an scoil más mian leat an clár a phlé tuilleadh.

Go raibh maith agat as comhoibriú linn,

An Múinteoir Ranga



COMHTHÁTHÚ AR FUD AN CHURACLAIM

Tabhair faoi deara:

Cuirtear tús le gach topaic le breac-chuntas ar an gcaoi a mapáiltear an t-inneachar chuig na snáitheanna agus na

Curaclam Teanga na Bunscoile

SNÁITHE:

Gné:

Torthaí Foghlama:

Gné:

Torthaí Foghlama:

Gné:

Torthaí Foghlama:

TEANGA Ó BHÉAL

Cumarsáid

- Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird
- Gnásanna sóisialta agus feasacht ar dhaoine eile

Tuiscint

- Stór focal a shealbhú agus a úsáid
- Tuiscint a léiriú

Fiosrú agus úsáid

- Iarratais agus ceisteanna
- Catagóiriú
- Athinsint agus mionléiriú
- Eolas, míniú agus údar a thabhairt
- Cur síos, tuar agus machnamh

SNÁITHE:

Gné:

Torthaí Foghlama:

Gné:

Torthaí Foghlama:

LÉITHEOIREACHT

Cumarsáid

Rannpháirtíocht

Fiosrú agus úsáid

Tuiscint

Tíreolaíocht

SNÁITHAONAD:

IMSHAOIL DHAONNA

Foghlaim faoi na daoine agus faoi na pobail a chónaíonn agus a shaothraíonn sa dúiche máguaird agus i gceantar codarsnach in Éirinn agus léirthuisicint cheart a ghnóthú orthu

Drámaíocht

SNÁITHE:

DRÁMAÍOCHT CHUN MOTHÚCHÁIN, EOLAS AGUS IDÉANNA A INIÚCHADH D'FHONN TUISCINT A CHOTHÚ

- Glacadh leis an gcomhthéacs ficseanach drámata chomh spontáineach saoráideach agus a thug sé/sí faoin gcur i gcéill súgarthach
- An coibhneas idir ról agus carachtar a thuiscint agus an cumas a fhorbairt cloí le ról nó carachtar chomh fada agus is gá le haghaidh na gníomhaíochta drámataí
- Trí leas a bhaint as na léargais go léir a eascraíonn as gníomhaíocht dhrámata a dtaobh an tsaoil agus i dtaobh daoine

Ceol

SNÁITHE:

CUMADÓIREACHT

Snáithaonad:

Tobchumadh agus cruthú:

- Píosaí gearra simplí ceoil a chumadh agus a léiriú le smacht áirithe ar gnéithe an cheoil

Corpoideachas

SNÁITHE:

DAMHSA

Snáithaonad:

An damhsa a iniúchadh, a chruthú agus a dhéanamh

- Leibhéil, conairí, cruthanna agus treonna difriúla i spás a iniúchadh a thuilleadh

Snáithaonad:

Gníomhaíochtaí Lasmuigh agus Gníomhaíochtaí Eachtraíochta - Dúshlán lasmuigh

- Tabhairt faoi ghníomhaíochtaí simplí comhair (iontaoibhe)

Na hAmharcealaíona

SNÁITHE:

FABRAIC AGUS SNÁITHÍN

Fabraic agus snáithín a úsáid chun píosaí beaga airtheacha a dhéanamh

Topaic 1

Ag Mothú Sábháilte agus Neamhshábháilte

Réasúnaíocht don Topaic

Is iomaí mothúchán againn uile. Caithfidh páistí foghlaim cén chaoi a gcuid mothúcháin a aithint thar a chéile agus ainm a lua leo. Is scil saoil thábhachtach é tuiscint a fháil ar mhothúcháin agus iad a chur in iúl agus a láimhseáil go cuí. Nuair a dhéanann páistí iniúchadh ar an gcaoi a mothaíonn daoine eile, forbraítear iontu ionbhá leis na daoine sin.

Sa topaic seo, foghlaimíonn na páistí go dtugann a gcuid mothúcháin treoir dóibh maidir lena dtaithí saoil. Foghlaimíonn siad cén chaoi idirdhealú a dhéanamh idir a bheith ag mothú sábháilte agus neamhshábháilte le go bhfreagróidh siad ar shlí a chothóidh a gcuid sábháilteachta agus cosanta féin. Mar chuid de sin, foghlaimíonn siad rialacha sábháilteachta agus straitéisí cleachtaidh ar féidir leo a úsáid má mhothaíonn siad go bhfuil siad i gcontúirt.

bí
sábháilte



MAPÁIL LEIS AN GCURACLAM OSPS

Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

SNÁITHE:

Snáithaonaid:

MISE

Féinaithne

Féinfheasacht

- Na gnéithe go léir is cúis le duine a bheith speisialta agus sainiúil a phlé agus a léirthuisint.
- Sainroghanna pearsanta a aithint agus a thaifeadadh

Ag forbairt féinmhuiníne

- A c(h)uid tuairimí, dearchthaí agus roghanna féin a chur in iúl

Ag Déanamh Cinntí

- Roinnt roghanna laethúla a dhéanann sé/sí féin a aithint mar aon leis na cinn a dhéanann daoine eile
- Tús feasachta a fhorbairt ar nithe a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar na cinntí nó na roghanna a dhéanann siad

Snáithaonaid:

Ag Tabhairt Aire do mo Chorp

Bheith Eolach ar mo Chorp

- Meas a léiriú ar a chorp/a corp féin agus ar chorp daoine eile
- Codanna den chorp fireann is den chorp baineann a ainmniú, ag úsáid téarmaí anatamaíocha oiriúnacha
- A aithint go bhfuil freagracht áirithe ar gach duine as aire a thabhairt dó/di féin.

Snáithaonaid:

Ag Fás agus ag Athrú

Braistintí agus Mothúcháin

- Mothúcháin éagsúla a ainmniú agus cásanna a phlé ina bhféadfadh na mothúcháin sin teacht chun cinn
- Iniúchadh a dhéanamh ar na bealaí éagsúla a ndéantar mothúcháin a chur in iúl agus a láimhseáil
- Tosú de bheith mothálach ar mhothúcháin daoine eile agus a thuiscint gur féidir le gníomhartha duine amháin tionchar a imirt ar mhothúcháin duine eile
- Iniúchadh agus plé a dhéanamh ar ócáidí ar féidir leo mothúcháin dhearfacha a chothú ann/inti féin

Snáithaonaid:

Sábháilteacht agus Cosaint

Sábháilteacht Phearsanta

- Iniúchadh a dhéanamh ar straitéisí sábháilteachta oiriúnacha
- Cásanna agus áiteanna sábháilte a aithint, mar aon leo siúd ina bhféadfadh a sábháilteacht phearsanta a bheith i mbaol.
- Tuiscint a fháil ar an gcaoi ar féidir le daoine eile áitiú air/uirthi a bheith ag gabháil d'iompar nach bhfuil sábháilte

Saincheisteanna Sábháilteachta

- A aithint agus a thuiscint go bhfuil gá le rialacha chun daoine a chosaint agus a choinneáil sábháilte

Stór focal

*Focail a
chuireann
mothúcháin
in iúl:*

Naíonáin	Rang a hAon agus Rang a Dó
Ar bís	Faitíos
Sásta	Áthasach
Scanraithe	Míshásta
Trína chéile	Cráite
Brónach	Buartha
Olc	Suaimhneach


Ba cheart go dtuigfeadh agus go n-úsáidfadh na daltaí an stór focal molta seo le haghaidh mothúcháin. Ba cheart go bhfoghlaimeoidís freisin cén réimír dhiúltach is ceart a úsáid chun a mhalairt céille a chur in iúl más cuí sin, mar shampla: compordach – míchompordach; sásta – míshásta; cabhrach – doicheallach, srl.

Topaic 1 **Ceacht 1**

Tá mothúcháin tábhachtach

Tá Acmhainní an Mhúinteora ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.



Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí an méid seo a leanas a fhoghlaim:

- Tá ár gcuid mothúcháin go léir tábhachtach, fiú na cinn nach dtaitníonn linn
- Is geall le teachtaireachtaí iad mothúcháin a insíonn dúinn cén chaoi a bhfuilimid inár gcroí istigh.

Acmhainní

AM1: Gnúiseanna Mothúcháin

BO 1/Nasc Baile is Scoile: Cén Mothúchán É?

Seanirisí/sean-nuachtáin/seanphictiúir

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Táimid ag dul ag foghlaim inniu cén chaoi agus cén fáth a bhfuil ár gcuid mothúcháin go léir tábhachtach, fiú na cinn nach dtaitníonn linn.

Déan achoimre ghairid ar aon obair ar mhothúcháin atá déanta cheana i gceachtanna eile OSPS nó i réimsí eile den churaclam; scéal a léadh sa rang, cuir i gcás, inar léirigh na carachtair mothúcháin éagsúla.

Forbairt

Mar a Oibríonn Mothúcháin

Baineann ár gcorp leis an taobh amuigh dinn féin. Tuigimid ár gcorp a bheith rófhuar má thosaíonn sé ag creathadh, nó róthe má thosaíonn sé ag cur allais.

Baineann mothúcháin leis an taobh istigh dinn féin, agus tugann siad rudaí le fios dúinn freisin. Tá mothúcháin cosúil le teachtaireachtaí. Bíonn mothúcháin éagsúla againn i gcásanna éagsúla.

Iarr ar dhaltaí samplaí a thabhairt d'ócáidí ina mothóidís sásta nó ar bís, b'fhéidir nuair a bhíonn siad ag súil le rud éigin amhail lá breithe nó turas chuig an zú.

AM 1 - Gnúiseanna Mothúcháin: Is féidir na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh ar an gclár bán nó, de rogha air sin, pictiúir na mothúchán a phriontáil amach.

Breathnaíonn na daltaí ar phictiúir na mothúchán agus sainaithníonn siad cén mothúchán a ghabhann le gach pictiúr. Is iad seo a leanas na mothúcháin a léirítear: Sásta, Brónach, Trína Chéile, Ar Bís, Scanraithe, Feargach, Faitíos, Suaimhneach, Míshásta, Cráite, Buartha, Áthasach.

B'fhéidir nach mbeidh na daltaí uile ar aon tuairim faoin mothúchán a ghabhann leis an bpictiúr, ach is deis é plé a dhéanamh ar an gcaoi a léiríonn gothaí gnúise agus comharthaíocht choirp ár gcuid mothúcháin.

Tugann an chuma atá ar dhaoine nó an chaoi a n-íompraíonn siad iad féin leideanna dúinn faoin gcaoi a mthaíonn siad ag an am. Bíonn ár gcuid mothúcháin i gcónaí ag athrú. Uaireanta bímid sásta, uaireanta eile bíonn brón orainn. Uaireanta eile arís bíonn uaigneas nó fearg orainn.

Gníomhaíocht - Searáidí: Ba cheart a iarraidh ar dhaltaí aonair ceann de na gnúiseanna a roghnú agus aithris a dhéanamh ar pháirt an mhothúcháin a ghabhann leis os comhair an ranga, le go dtabharfaidh na daltaí eile barúil faoi cén mothúchán é. Is féidir é seo a dhéanamh freisin i ngrúpaí nó mar ghníomhaíocht ranga uile.

Tabhair spreagadh do na daltaí fiosrú a dhéanamh faoin gcaoi a léiríonn an corp agus gnúiseanna na mothúcháin a bhíonn againn. Mar shampla, uaireanta bímid ag caoineadh nuair a bhíonn brón orainn; b'fhéidir go mothóimis snaidhm sa bholg nuair a bhímid neirbhíseach nó ar bís; b'fhéidir go mbeadh na lámha nó an corp ar fad ar creathadh nuair a bhíonn faitíos orainn.

Conclúid

Roghnaigh ceann ar bith de na gnúiseanna mothúcháin agus iarr ar na daltaí an abairt a chríochnú:

- Bím sásta nuair...
- Bíonn fearg orm nuair...
- Bím ar bís nuair...

B'fhéidir go gcuideodh sé leis na daltaí freisin dá bhfillfeadh sibh ar cheann de na scéalta a léigh sibh le chéile cheana le go n-aithneoidh siad na mothúcháin a léirítear ann agus na bealaí a chuirtear in iúl iad.

W1 / NBS: Pictiúir na mothúcháin a mheaitseáil leis an bhfocal ceart. Féadfar an bhileog oibre a chríochnú sa bhaile.

Obair Fairsingithe

Cuirtear na daltaí i ngrúpaí, tugtar ceann de na gnúiseanna mothúcháin do gach grúpa agus iarrtar orthu colláis a dhéanamh de phictiúir as irisí/ nuachtáin a léiríonn an mothúchán sin.




Topaic 1 **Ceacht 2**

Uaireanta mothaím sábháilte agus uaireanta mothaím neamhshábháilte

Tá Acmhainní an Mhúinteora ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.



Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí an méid seo a leanas a fhoghlaim:

- cén chaoi cásanna a aithint ina mothaíonn siad sábháilte agus neamhshábháilte
- cén chaoi teacht roimh chásanna nach mbeadh sábháilte nó ina mbeidís i gcontúirt
- gur chóir dóibh labhairt i gcónaí le duine fásta mura mothaíonn siad sábháilte, nó má mhothaíonn siad i mbaol nó i gcontúirt.

Acmhainní

AM 2: Scéal Sammy

BO 2: Mothaím sábháilte nuair...

BO 3/Nasc Baile is Scoile: Scéal Sammy

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Labhróimid inniu faoi amanna ina mothaímid sábháilte. Labhróimid freisin faoi amanna nach mothaímid sábháilte nó ina mothaímid i mbaol nó i gcontúirt, agus faoina thábhachtaí atá sé an méid sin a insint do dhuine fásta a fhéadfadh cabhrú linn.

Breathnaigh arís ar na gnúiseanna mothúcháin nó ar na colláisí a rinneadh sa cheacht roimhe seo chun na mothúcháin éagsúla a chur i gcuimhne do na daltaí. Tá mothúcháin cosúil le teachtaireachtaí. Is féidir linn a rá cén chaoi a mothaímid, ach tuigtear sin freisin ón gcuma atá orainn agus ón gcaoi a n-iompraímid muid féin.

Forbairt


Ag Mothú Sábháilte agus Neamhshábháilte

AM 2 - Scéal Sammy: Léigh nó seinn an scéal agus pléigh leis an rang é.

“Wow!” arsa Sammy nuair a thaispeáin a Mam na ticéid ceolchoirme di. Bhí sé fíor! Bhí sí chun an banna ceoil is fearr ar fad léi a fheiceáil ag seinm sa staid—dáiríre píre! Agus an oíche mhór ag teannadh léi, socraíodh go mbuailfeadh sí féin agus a Mam lena haintín agus a col ceathrar, Michaela, chun píotsa a ithe roimh an seó.

Bhí Sammy agus Michaela ag damhsa le teann sceitimíní sa tsráid agus iad ag déanamh ar an staid. “Seo í an oíche is iontaí riamh!” Rith sé le Sammy ansin sracfhéachaint ar gcúl a thabhairt ar a Mam agus a haintín.

Go tobann, rug sí ar lámh Mhichaela. “Ní fheicim Mam!” a bhéic sí. Fágadh ina staic iad. Chonacthas dóibh go raibh na sluaite daoine ag brú tharstu, ag gáire agus ag béicíl, is gan aon aird in aon chor acu orthu. Rug Sammy agus Michaela greim ar a chéile ar fhaitíos go mbrúfaí isteach sa bhóthar iad. Bhí gach duine ag brostú leo chun an tseó. Cé a thiocfadh i gcabhair orthu?



Bhí Sammy ar tí pléascadh amach ag caoineadh nuair a theagmhaigh lámh lena leiceann. “Shíl muid go raibh sibh imithe ar strae uainn!” a dúirt a Mam. Nár mhór an faoiseamh breith ar lámh Mhama —shíl Sammy nach scaoilfeadh sí a greim uirthi nó go mbeidís slán sábháilte sa bhaile arís.

Agus iad ina suí ag an gceolchoirm ar ball, ag canadh agus ag bualadh bos in éindí leis an slua, thug Sammy sracfhéachaint i leataobh ar a Mam anois is arís agus shín a lámh amach chuici, díreach sa chaoi go mbeadh sí iomlán cinnte go raibh sí sábháilte i ndáiríre.

Pointí Plé:

- Mhóthaigh Sammy go leor mothúcháin éagsúla sa scéal sin. An féidir leat iad a lua?
- Fiosraigh leis na daltaí an rud ba chúis le Sammy a bheith chomh scanraithe sin. Céard a chuir faoi deara di mothú sábháilte arís?
- Dá mba rud é nár tháinig Mam ar ais chucu chomh sciobtha sin, céard a d’fhéadfadh na cailíní a dhéanamh?
- Ar cheart do na cailíní bailiú leo isteach sa staid? Cén fáth nár cheart?
- Cé air a bhféadfaidís cabhair a iarraidh?

Tabhair am do na daltaí smaoineamh ar chásanna eile ina bhféadfadh páistí dul ar strae, mar shampla in ionad siopadóireachta, ag cluiche peile nó ar an trá. Céard a d’fhéadfaidís a dhéanamh sna cásanna sin le go mothódís sábháilte arís?

Tá sé an-tábhachtach labhairt faoinár gcuid mothúcháin, go háirithe má táimid trína chéile nó má tá imní orainn faoi rud éigin. Má insíonn tú é do dhuine fásta a bhfuil muinín agat as, cabhróidh sé sin leat mothú sábháilte arís.

Mothaím
sábháilte
nuair ...



Conclúid

BO 2 - Mothaím sábháilte nuair... Tarraingíonn, péinteálann nó scríobhann na daltaí faoi amanna ina motháíonn siad sábháilte. Féadfaidh daltaí a scéal nó a líníocht a roinnt leis an rang.

Scéal Sammy



BO 3/NBS - Scéal Sammy: Tabharfaidh daltaí an bhileog oibre, ‘Scéal Sammy’, abhaile leo chun an scéal a insint dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí. Leagtar béim sa bhileog oibre seo ar a thábhachtaí atá sé rialacha sábháilteachta a mhúineadh do pháistí ar féidir leo a leanúint má imíonn siad ar strae.

Topaic 1 **Ceacht 3**

Cad ba cheart dom a dhéanamh má mhothaím neamhshábháilte?

Tá **Acmhainní an Mhúinteora** ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.



Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- Tuiscint shoiléir a fhorbairt ar chásanna ina mothaíonn siad sábháilte agus neamhshábháilte
- Daoine fásta a aithint lenarbh fhéidir leo labhairt mura mothaíonn siad sábháilte, nó má mhothaíonn siad i mbaol nó i gcontúirt
- Rialacha agus straitéisí sábháilteachta eile a fhoghlaim ar féidir leo a úsáid nuair nach mothaíonn siad sábháilte nó má tharlaíonn iad a bheith i gcásanna ina bhféadfaidís a bheith i gcontúirt nó i mbaol.

Acmhainní

AM 3: Gearrthóga ceoil a mhúsclaíonn mothúcháin sábháilte agus neamhshábháilte

BO 4: Ag Déanamh Cinntí

AM 4: An tAmhrán ‘Bí Sábháilte’

BO 5/Nasc Baile is Scoile: Mo Phas Sábháilteachta Pearsanta

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: *Beimid ag foghlaim tuilleadh inniu faoinar féidir linn a dhéanamh chun muid féin a choinneáil sábháilte.*

Meabhraigh an ceacht roimhe seo agus scéal Sammy do na daltaí, agus fiafraigh díobh arís céard a chuir faoi deara do na cailíní a mhothú sábháilte agus neamhshábháilte.

Abair leo go labhróimid inniu faoi amanna nuair a mhothaímid sábháilte agus amanna nuair nach mothaímid sábháilte, agus go bhfiosróimid cad is féidir linn a dhéanamh mura mothaímid sábháilte.

De rogha air sin, d’fhéadfá an ceacht seo a thabhairt isteach ach **AM 3** a sheinm - is é sin na gearrthóga ceoil a mhúsclaíonn mothúcháin sábháilteachta agus neamhshábháilte.

Forbairt

Ó am go chéile, mothaímid uile nach bhfuilimid sábháilte. Chonaiceamar sa scéal go raibh Sammy agus Michaela an-scanraithe nuair a bhí siad ar strae i measc an tslua ar a mbealach chuig an gceolchoirm.

Iarr ar na daltaí sampla a thabhairt d’am nár mhothaigh siad sábháilte.

D’fhéadfaí na samplaí seo a leanas a úsáid má bhíonn drogall ar na daltaí freagra a thabhairt:

- Dá gcloisfeá torann ard i lár na hoíche, cuir i gcás?
- Dá mbeadh madra ag rith i do dhiaidh, cuir i gcás?
- Dá mbeadh tromluí uafásach ort, cuir i gcás?
- Dá mbeadh duine éigin ag saighdeadh fút agus ag tabhairt ainmneacha ort, cuir i gcás?

Chomh maith le bheith ag spreagadh na ndaltaí le labhairt faoi amanna nár mhothaigh siad sábháilte, iarr orthu cur síos a dhéanamh ar a bhfreagairt mhothúcháinach agus fhisiciúil araon; mar shampla, go raibh siad scanraithe nó go raibh faitíos nó imní orthu, go raibh siad ar crith nó ag caoineadh, etc.

Abair leo arís go mbímid ar fad scanraithe ó am go chéile agus gur geall le teachtaireachtaí iad mothúcháin. Ba cheart dúinn éisteacht leis na teachtaireachtaí sin i gcónaí, iarracht a dhéanamh imeacht amach as an áit agus é a insint do dhuine fásta a bhfuil muinín againn as nach mothaímid sábháilte nó go bhfuil faitíos orainn.

Abair ‘Stop’, Imigh Leat agus Inis do Dhuine Éigin É - sin iad na rialacha ‘Bí Sábháilte’. Lean ort á insint go dtí go n-éistfear leat.



Ag Déanamh Cinntí


BO 4 - Ag Déanamh Cinntí: Oibríonn na daltaí i mbeirteanna ag plé le ceann de na cásanna seo a leanas. Tabhair spreagadh do na daltaí a machnamh a dhéanamh ar an gcás agus an bhileog oibre a chur i gcrích ina dhiaidh sin in éindí lena bpáirtí. Tá freagra amháin as trí cinn le roghnú acu i ngach cás: dea-smaoineamh, drochsmaoineamh, nó nílím cinnte.

- Is breá le do chara bheith ag dreapadh crann. Tá sé ag iarraidh go ngabhfaidh tú ag dreapadh crainn arda in éindí leis ach ní dóigh leat go bhfuil sé sábháilte. Cad a d’fhéadfá a dhéanamh sa chás sin?
- Téann tú ar strae in ionad siopadóireachta. Cad a d’fhéadfá a dhéanamh sa chás sin?
- Tá faitíos ort roimh dhuine éigin ar scoil a bhíonn ag caitheamh go hollc leat. Cad a d’fhéadfá a dhéanamh sa chás sin?

D’fhéadfaí na cnámha scéil seo thuas a úsáid i ngníomhaíocht rólimeartha anois nó i gceacht leantach drámaíochta ar ball.

Conclúid

Meabhraigh do na daltaí gur féidir linn i gcónaí gníomhú ar bhealach éigin nuair nach mothaímid sábháilte. Tá rialacha againn a choinníonn sábháilte muid nuair a bhímid ag trasnú an bhóthair nó ag spraoi gar d’uisce. Iarr ar na daltaí ócáidí eile a lua ina bhfuil rialacha i bhfeidhm a choinníonn sábháilte muid. Mura mothaímid sábháilte, bíodh cuimhne againn ar na rialacha ‘Bí Sábháilte’: Abair ‘Stop’, Imigh Leat agus Inis do Dhuine Éigin É.



AM 4 - An tAmhrán ‘Bí Sábháilte’ Seinn an t-amhrán ‘Bí Sábháilte’.



BO 5/NBS - Mo Phas Sábháilteachta Pearsanta: Tabharfaidh na daltaí an bhileog oibre abhaile leo agus déanfaidh siad an pas sábháilteachta pearsanta i gcomhar lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí. Ba cheart tuismitheoirí a spreagadh chun cabhrú leo na sonraí pearsanta agus uimhreacha teagmhála úsáideacha a chomhlánú.



Nasc Baile is Scoile

BILEOG OIBRE 1

Rang a 1 agus Rang a 2

Cén Mothúchán É?

MEAITSEÁIL an focal ceart leis an bpictiúr



Áthasach Olc Brónach
Faitíos Ar bís Buartha


Caithfidh páistí foghlaim cén chaoi a gcuid mothúcháin a aithint thar a chéile agus ainm a lua leo.

Is scil saoil thábhachtach é tuiscint a fháil ar mhothúcháin agus iad a chur in iúl agus a láimhseáil. Caithfidh páistí a fhoghlaim go mbíonn raon mothúchán difriúil againn ar fad. Má thuigeann páistí cén chaoi a motháíonn daoine eile, is fearr a fhorbraíonn siad ionbhá leo.

bí
sábháilte

Síniú Tuismitheora/Caomhnóra


Dáta:



BILEOG OIBRE 2

Rang a 1 agus Rang a 2

Mothaím sábháilte nuair ...



Tarraing, péinteáil
nó scríobh faoi am
inar mhothaigh tú
sábháilte.





Nasc Baile is Scoile

BILEOG OIBRE 3


Rang a 1 agus Rang a 2

Scéal Sammy

Iarr ar do pháiste scéal Sammy a insint arís duit




Deir Mam le Sammy go bhfuil ticéid aici don cheolchoirm



Buaileann siad le hAintín Sophie agus Michaela, col ceathrar léi, chun píotsa a ithe roimh an gceolchoirm



Tá na cailíní ar bís ar fad agus iad ag siúl chun na ceolchoirme




Go tobann, ní fheiceann siad Mam ná Aintín Sophie a thuilleadh



Tá faitíos mór orthu



Aimsíonn Mam agus Aintín Sophie ansin iad




Bí ag caint le do pháiste faoin scéal (Sammy agus a col ceathrar ar strae óna máithreacha agus iad ar a mbealach chuig ceolchoirm). Déan plé ansin ar na cásanna sampla seo thíos.

Abair go rachfá ar strae ag cluiche peile, sna siopaí nó sa pháirc – cad a dhéanfá? Roghnaigh samplaí a fheileann do do pháiste agus don áit a bhfuil sibh.

bí
sábháilte

Síniú Tuismitheora/Caomhnóra

Dáta:



BILEOG OIBRE 4

Rang a 1 agus Rang a 2

Ag Déanamh Cinntí

	Dea-smaoineamh	Drochsmaoineamh	Nílím Cinnte
1. <i>Is breá le do chara bheith ag dreapadh crann. Tá sé ag iarraidh go ngabhfaidh tú ag dreapadh crainn arda in éindí leis ach ní dóigh leat go bhfuil sé sábháilte. Cad a d'fhéadfá a dhéanamh sa chás sin?</i> Déan mar sin féin é. Abair 'Níl mé ag iarraidh é a dhéanamh. Tá sé róchontúirteach' Mol cluiche eile. Cuir deireadh leis an gcairdeas eadraibh Inis do do thuismitheoirí é			
2. <i>Téann tú ar strae in ionad siopadóireachta. Cad a d'fhéadfá a dhéanamh sa chás sin?</i> Bí ag máinneáil thart ag lorg do thuismitheoirí.... Bí ag béiceadh agus screadach... Téigh amach chuig an gcarr.... Fan mar a bhfuil tú.... Iarr cabhair ar chúntóir siopa nó ar gharda slándála...			
3. <i>Tá faitíos ort roimh dhuine éigin ar scoil a bhíonn ag caitheamh go holc leat. Cad a d'fhéadfá a dhéanamh sa chás sin?</i> Abair, "Lig dom!" agus bailigh leat uaidh nó uaithi. Labhair le duine fásta faoi. Fan sa bhaile in áit dul ar scoil Tabhair drochainmneacha air nó uirthi.			





Nasc Baile is Scoile

BILEOG OIBRE 5

Rang a 1 agus Rang a 2

Mo Phas Sábháilteachta


Pas

Mo chéad ainm: _____

Mo shloinne: _____

Seoladh: _____


Tarraing
pictiúr díot féin



Uimhreacha Teileafóin Úsáideacha:

Ainm: _____ Uimhir: _____

Ainm: _____ Uimhir: _____



AN CÚIGEAR IONTAOFA

Scríobh síos ainmneacha
cúigear duine fásta arbh fhéidir leat labhairt leo.

Bhíomar ag labhairt ar scoil inniu faoi bheith ag coinneáil sábháilte agus faoi dhaoine arbh fhéidir leo cabhrú linn mura motháimid sábháilte.

Tá sé tábhachtach go mbeadh a (h)ainm iomlán ar eolas ag do pháiste mar aon le d'ainm agus do sheoladh. Cabhraigh le do pháiste a s(h)onraí pearsanta a líonadh amach agus daoine fásta a ainmniú arbh fhéidir leis an bpáiste labhairt dá mbeadh inniú air/uirthi faoi rud éigin nó mura mothódh sé/sí sábháilte. Ní féidir le gach aon pháiste uimhreacha teileafóin nó sonraí teagmhála a fhoghlaim de ghlanmheabhair, mar sin ba cheart do na tuismitheoirí/caomhnóirí áit oiriúnach a aimsiú i mála an pháiste le haghaidh bileoigín ar a mbeadh uimhreacha fóin/sonraí teagmhála dá mba gha teacht orthu. Ba cheart sin a phlé agus a aontú leis an bpáiste.

**bí
sábháilte**

Síniú Tuismitheora/Caomhnóra

Dáta:

Topaic 2

Cairdeas agus Bulaíocht

Réasúnaíocht don Topaic

Sa topaic seo, déanann páistí iniúchadh ar luach an chairdis, ar chairdeas a dhéanamh agus a choinneáil agus ar a thábhachtaí atá sé caitheamh go measúil agus go hómósach lena chéile.

Uaireanta téann cairdeas in aimhréidh agus déantar bulaíocht ar dhaoine nó téann siad i mbun iompar bulaíochta. Sna ceachtanna seo cabhraítear le páistí tuiscint a fháil ar an rud is bulaíocht ann agus an tionchar a bhíonn aige ar dhaoine eile.

Is féidir bulaíocht a dhéanamh ar dhaoine ar bhealaí difriúla, go fisiciúil, go briathartha agus go mothúcháinach. Ag an leibhéal seo ranga fiosraítear tionchar na bulaíochta ar thrí bhealach dhifriúla – an dochar is féidir leis a dhéanamh don chorp, do do chuid mothúcháin agus do do chuid giuirléidí. Foghlaimeoidh na páistí gur rud olc í an bhulaíocht i gcónaí agus, má bhíonn bulaíocht á déanamh orthu nó má fheiceann siad bulaíocht á déanamh ar dhuine eile, gur cheart i gcónaí dóibh sin a insint do dhuine fásta a bhfuil muinín acu as. Ní ag déanamh scéala ar dhuine atá tú má insíonn tú faoi bhulaíocht ach insint chun tú féin nó duine éigin eile a choinneáil sábháilte.

Tosaíonn roinnt páistí ag dul ar líne ag an aois seo. Déantar iniúchadh freisin ar straitéisí le haghaidh úsáid shábháilte a bhaint as an Idirlíon.

bí
sábháilte



MAPÁIL LEIS AN GCURACLAM OSPS

Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

SNÁITHE:

Snáithaonaid:

MISE AGUS DAOINE EILE

Mo chairde agus daoine eile

- A c(h)airde féin a aithint, a phlé agus ard-mheas a bheith orthu
- Na gnéithe difriúla den chairdeas a phlé agus a scrúdú
- Cairde scoile a aithint agus ard-mheas a bheith orthu agus an dóigh ar féidir leo cabhrú le chéile agus aire a thabhairt dá chéile a aithint
- Na daoine uile a mhothaítear a bheith speisialta, laistigh agus lasmuigh de mhuintir an teaghlaigh, a phlé agus ard-mheas a bheith orthu
- Difríochar i ndaoine a aithint agus a léirtheiscint agus tuiscint a léiriú ar cén chaoi a gcaitear go measúil agus go hómósach lena chéile
- Iompar bulaíochta, na daoine atá páirteach ann agus an tionchar a bhíonn aige ar dhaoine éagsúla a aithint agus a fhiosrú
- A thuiscint gur rud olc í an bhulaíocht i gcónaí agus bheith eolach ar ar cheart a dhéanamh má bhíonn bulaíocht á déanamh orthu nó má fheiceann siad bulaíocht á déanamh ar dhuine eile

Snáithaonaid:

Caidreamh le Daoine Eile

- Éisteacht le tuairimí daoine eile agus freagairt dóibh
- Iompraíocht bhriathartha agus neamhbhriathartha a úsáid chun feidhmeanna sóisialta a chomhlíonadh
- Cúram agus tuiscint, cúirtéis agus dea-bhéasa a chleachtadh le daoine eile
- Coimhlintí le daoine eile a réiteach

SNÁITHE:

Snáithaonaid:

MISE AGUS AN DOMHAN MÓR

Ag Forbairt Saoránachta

Mo Phobal Scoile

- A aithint go bhfuil gach duine tábhachtach agus go bhfuil ionchur luachmhar ar leith le déanamh ag gach duine sa rang

- An tábhacht a bhaineann le comhroinnt, le comhoibriú agus le bheith cothrom i ngach gníomh sa rang agus ar scoil a aithint
- An gá atá le comhlíonadh rialacha an ranga agus na scoile a aithint agus a thuiscint
- Ilghnéitheacht na bpáistí sa rang agus ar scoil a iniúchadh agus ómós a thabhairt di

SNÁITHE:

Snáithaonaid:

MISE**Sábháilteacht agus Cosaint****Sábháilteacht Phearsanta**

- Iniúchadh a dhéanamh ar straitéisí sábháilteachta oiriúnacha
- Cásanna agus áiteanna sábháilte a aithint, mar aon leo siúd ina bhféadfadh a sábháilteacht phearsanta a bheith i mbaoil
- Tuiscint a fháil ar an gcaoi ar féidir le daoine eile áitiú air/uirthi a bheith ag gabháil d'iompar nach bhfuil sábháilte

Snáithaonaid:

Féinaithne**Ag forbairt féinmhuiníne**

- A c(h)uid tuairimí, dearcthaí agus roghanna féin a chur in iúl
- Féintuilleamaí agus neamhspleáchas a fhorbairt
- Tús a chur le foghlaim cén chaoi déileáil le hathruithe difriúla de réir mar a tharlaíonn siad

Ag Déanamh Cinntí

- Roinnt roghanna laethúla a dhéanann sé/sí féin a aithint mar aon leis na cinn a dhéanann daoine eile
- Tús feasachta a fhorbairt ar nithe a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar na cinntí nó na roghanna a dhéanann siad

Snáithaonaid:

Ag Fás agus ag Athrú**Athraím agus mé ag fás**

- A aithint go méadaíonn an cumas freagracht a ghlacadh as/aisti féin agus as daoine eile de réir mar a théann sé/sí in aois

Mothúcháin

- Mothúcháin éagsúla a ainmniú agus cásanna a phlé ina bhféadfadh na mothúcháin sin teacht chun cinn
- Iniúchadh a dhéanamh ar na bealaí éagsúla a ndéantar mothúcháin a chur in iúl agus a láimhseáil
- Tosú de bheith mothálach ar mhothúcháin daoine eile agus a thuiscint gur féidir le gníomhartha duine amháin tionchar a imirt ar mhothúcháin duine eile
- Iniúchadh agus plé a dhéanamh ar ócáidí ar féidir leo mothúcháin dhearfacha a chothú ann/inti féin

Stór focal

Naíonáin Bheaga/Mhóra	Rang a haon/dó
Cairde(as)	Meas
Comhroinnt	Agallamh
Smaointeach	Cibearbhulaíocht
Éisteacht	D'aon ghnó
Cabhrú	Fág ar lár
Sealaíocht	Cuir san áireamh
Bheith cothrom	Neamhaird a dhéanamh de
Bulaíocht	Bagair
D'aon toil	Ráfla
Goill ar	Comhaontú
Faitíos a bheith ort	
Níos mó ná uair amháin	
Ag comhoibriú	
Achasáin	

Topaic 2 Ceacht 1

Cairdeas

Tá Acmhainní an Mhúinteora ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.



Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- Luach an chairdis a thuiscint
- Iniúchadh a dhéanamh ar an dóigh ar féidir cairde a dhéanamh agus a choinneáil
- A thábhachtaí atá sé caitheamh go measúil agus go hómósach lena chéile a thuiscint.

Acmhainní

AM 5: Nasc Físeáin - Cairdeas

BO 6: Cuir Agallamh ar Pháirtí Ranga

BO 7: ‘Sa rang seo léirimid cineáltas agus meas do chuile dhuine trí bheith...’

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: : Ar scoil inniu beimid ag labhairt faoi chairdeas agus faoina thábhachtaí atá sé bheith ag caitheamh le chuile dhuine go measúil agus go cineálta.

AM 5 – Nasc Físeáin: Féach ar an bhfíseán ar chairdeas agus pléigh leis an rang é.

Forbairt

Cairde agus Chairdis

Cé hiad mo chairde?

Iarr ar na daltaí plé a dhéanamh ar na tréithe a bhaineann le cara. Déan taifead ar na tréithe a luann siad; mar shampla, duine a bhíonn ag súgradh liom nó ag roinnt bréagán liom, duine ar spéis leis/leí na rudaí céanna a bhfuil spéis agamsa iontu.

Rudaí is maith liom a dhéanamh in éindí le mo chairde

Iarr ar na daltaí liosta a dhéanamh de chuid de na rudaí is maith leo a dhéanamh in éindí lena gcairde, mar shampla cluichí a imirt, bheith ag féachaint ar DVDanna, ag siúl chun na scoile.


Cén fáth gur cara maith mise?

Labhair leis na daltaí faoin gcaoi a léiríonn siad cairdeas do dhaoine eile. Fiosraigh an chaoi a ndéantar agus a gcoinnítear cairde, mar shampla trí bheith ag cabhrú le daoine eile, ag iarraidh ar dhaoine eile páirt a ghlacadh i gcluichí, ag tabhairt bréagáin ar iasacht dóibh, ag roinnt rudaí leo.

BO 6 - Cuir Agallamh ar Pháirtí Ranga: Cuir na daltaí ina mbeirteanna – déan iarracht gan dlúthchairde a bheith ina suí ró-ghar dá chéile. Bíodh na daltaí ag cur agallaimh ar a chéile ina mbeirteanna, ag tabhairt aird ar an méid a deir an páiste eile.

Cuir Agallamh ar
Pháirtí Ranga





Nuair a bheidh an ghníomhaíocht sin curtha i gcrích acu, iarrfaidh an múinteoir ar na daltaí rud spéisiúil nó dhó a d'fhoghlaím siad faoin bpáiste eile a insint don rang.

Ba cheart go dtuigfeadh na daltaí nach féidir linn bheith inár ndlúthchairde le gach aon duine, ach go bhfuil gach aon duine speisialta mar sin féin agus gur cheart go gcaithfí leo le cineáltas agus le cothroime.

Déan plé leis na daltaí ar an dóigh a mbítear ag súil go gcaithfear linn ar scoil agus go mbeimid féin ag caitheamh le daoine eile. Cén chaoi a léirímid meas, cineáltas agus cothroime do gach uile dhuine?

D'fhéadfaí a áireamh le samplaí: Bheith ag éisteacht le daoine eile; gan bheith ag magadh faoi dhaoine eile; bheith cairdiúil; bheith ag beannú dá chéile nuair a chastar ar a chéile muid; rudaí a chomhroinnt lena chéile; bheith ag cabhrú lena chéile; bheith ag comhoibriú lena chéile; sealaíocht a dhéanamh ar a chéile; bheith ag glacadh go huasal leis an mbua agus leis an gcailleadh araon; iarracht a dhéanamh gan goilleadh ar dhaoine eile; rudaí dearfacha a rá faoi dhaoine eile.

Conclúid

BO 7 – Sa rang seo léirímid cineáltas agus meas do chuile dhuine trí bheith...: Iarrfar ar na daltaí ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí na trí rud is tábhachtaí is féidir leo a dhéanamh chun cineáltas agus meas a léiriú ar scoil, dar leo, a scríobh síos.

Nuair a bheidh sé sin déanta acu, tabhair an rang le chéile arís chun na ceithre nó cúig chineál iompraíochta is tábhachtaí a chomhaontú agus a liostú ar chlár bán nó ar smeach-chairt.

Obair Fairsingithe

Is féidir póstaer ranga a dhéanamh dar teideal, 'Léirímid cineáltas agus meas trí bheith...', agus é a chur ar taispeáint ar an gclár fógraí.

D'fhéadfaí an ghníomhaíocht sin a leathnú amach chuig an scoil ar fad, le linn tionóil mar shampla, agus póstaer scoile den teideal céanna mar thoradh uirthi. D'fhéadfaí grianghraf a ghlacadh den phóstaer agus é a phriontáil amach le go dtabharfaidh gach dalta cóip abhaile leo. De rogha air sin, d'fhéadfaí an póstaer a chur suas ar shuíomh gréasáin na scoile.

Topaic 2 Ceacht 2

Cad is Bulaíocht Ann?

Tá Acmhainní an Mhúinteora ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.

Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí na nithe seo a leanas a thuiscint:

- Cad is bulaíocht ann
- Gurb ionann cibearbhulaíocht agus bulaíocht a dhéanamh ar dhuine ar líne
- An fáth nach féidir glacadh in aon chor le hiompar bulaíochta
- Cuid de na bealaí éagsúla ina ngortaíonn an bhulaíocht muid.

Acmhainní

AM 6: Cispheil (Clár scéil)

AM 7: Cad is Bulaíocht Ann?

AM 8: Na Trí Bhealach ina nGortaíonn an Bhulaíocht Muid

BO 8/Nasc Baile is Scoile: Bulaíocht

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: -Inniu, táimid ag dul ag fiosrú cad is bulaíocht ann agus cuid de na bealaí éagsúla ina ngortaíonn an bhulaíocht muid.

Téigh siar ar an gceacht roimhe seo, go háirithe ar na cineálacha iompraíochta a aithníodh a léiríonn cineáltas agus meas.

Forbairt

Cad is Bulaíocht Ann?

AM 6: Scéal - Cispheil: Sa chlár scéil ‘Cispheil’, foghlaimeoidh na páistí cén chaoi a mothaíonn sé a bheith fágtha ar lár as dráma d’aon ghnó. Sula dtosóidh tú ar an gceacht, tabhair ainm ar gach carachtar sa scéal (ach ná bíodh ainm aon duine de pháistí an ranga ina measc).


Is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh ar bhonn ranga-uile nó i mbeirteanna, agus cóip den chlár scéil ag gach beirt a phléifidh a bhfuil ag tarlú i ngach pictiúr. Iarr orthu breathnú ar aghaidheanna agus ar chomharthaíocht choirp na gcarachtar le fáil amach cén chaoi a bhféadfaidís bheith ag mothú.

Pictiúr 1

- Cé mhéad duine atá sa phictiúr? Tabharfaimid ainm orthu uile.
- Cad atá ar siúl acu?
- An bhfuil siad ag baint spraoi as an ócáid? An bhfuil an chuma orthu go bhfuil siad sásta?
- An bhfeiceann tú aon rud eile?

Pictiúr 2

- Cén difríocht a fheiceann tú sa phictiúr seo? (Páiste eile - tabhair Bairbre uirthi, mar shampla)
- Cad atá ag tarlú, dar leat?



- Cad atá Bairbre a rá, dar leat?
- An bhfuil an triúr eile sásta leis sin? Cén chaoi a bhfuil a fhios agat sin?

Pictiúr 3

- Cad atá ag tarlú i bpictiúr 3? Cén chaoi a bhfuil a fhios agat sin?
- Cad atá siad a rá le Bairbre, dar leat?
- Cad atá Bairbre a rá, dar leat?
- Labhair faoin gcaoi a bhfuil na páistí eile ag mothú, dar leat.

Iarr ar na daltaí samplaí a thabhairt den chaoi a bhféadfadh duine eile iad a ghortú nó goilleadh orthu.

Déan plé leis na daltaí ar na bealaí éagsúla a d'fhéadfadh daoine a bheith ag bulaíocht a chéile, mar shampla: duine a bhualadh nó a chiceáil agus é/í a ghortú; ainmneacha gránna a thabhairt ar dhuine; rudaí nimhneacha suaracha a rá faoi dhuine; teachtaireachtaí goilliúnacha a sheoladh (bídís scríofa nó i bhfoirm téacs); duine a fhágáil ar lár as cluiche nó as grúpa.

Sainmhíniú



AM 7 - Cad is Bulaíocht Ann? “Bíonn bulaíocht ann nuair a ghortaíonn nó nuair a ghoilleann duine amháin ar dhuine éigin eile d’aon turas níos mó ná aon uair amháin”.


Má bhíonn duine gránna goilliúnach níos mó ná aon uair amháin, agus má ghoilleann sé/sí ar dhaoine eile d’aon ghnó, cad a thugtar air sin? Tugtar bulaíocht air. Cibearbhulaíocht a thugtar air má tharlaíonn sé ar líne.

Má chaitheann duine go holc leat an t-aon uair amháin, nó má throideann tú le páiste eile toisc nach n-aontaíonn tú leis/léi, ní hionann sin agus bulaíocht.



TR 8 - Na Trí Bhealach a Ghortaíonn an Bhulaíocht Muid

1. Is féidir go ngortófar an corp má bhuaileann duine dorn nó cic ort, mar shampla, nó má bhaintear scealpóg asat.
2. Is féidir go ngortófar do chuid mothúcháin má thugann duine ainmneacha gránna ortsa nó ar do theaghlach, mar shampla, má deirtear rudaí gránna fút nó má fhágtar ar lár thú as cluichí d’aon ghnó. Is féidir go dtarlóidh sin ar líne nó duine le duine. Cuimhnigh go dtugtar cibearbhulaíocht ar bhulaíocht a tharlaíonn ar líne.
3. Is féidir go ndéanfar damáiste do do chuid giuirléidí, mar shampla do mhála a stróiceadh, do chuid leabhar a ghoid nó scriobláil a dhéanamh orthu.



Conclúid

Gníomhaíocht – Póstaer Ranga: Cruthaigh póstaer ranga chun an sainmhíniú ar bhulaíocht a chur ar taispeáint.

BO 8/NBS – An Bhulaíocht: Ba chóir do dhaltaí an bhileog oibre seo a chur i gcrích sa bhaile.

Topaic 2 **Ceacht 3**

Duine a fhágáil ar lár

Tá **Acmhainní an Mhúinteora** ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.

Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- A thuiscint gur cineál bulaíochta é duine a fhágáil ar lár
- Straitéisí a fhorbairt chun an bhulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi
- Tuiscint a fháil ar ról an fhéachadóra.

Acmhainní

AM 9: Físeán – Drochlá ag Molly

AM 10: An tAmhrán ‘Inis an Scéal’

AM 11: Inis an Scéal

AM 12: Físeán – Lá Maith ag Molly

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Foghlaimeoidimid inniu gur cineál bulaíochta é duine a fhágáil ar lár as gníomhaíocht nó as grúpa d’aon ghnó, agus labhróimid faoin rud is féidir linn a dhéanamh sa chaoi nach ndéanfar bulaíocht orainn féin ná ar dhaoine eile.

Déan achoimre ar an méid atá pléite go dtí seo leis na daltaí – an rud is bulaíocht ann, na bealaí is féidir leis an mbulaíocht an corp agus ár gcuid mothúcháin a ghortú agus damáiste a dhéanamh dár gcuid giuirléidí.

Mar chuid den phlé, déan tagairt siar ar AM 6, an scéal ‘Cispheil’, ón gceacht roimhe seo nó ó Bhileog Oibre 8 – samplaí den trí bhealach a ghortaíonn an bhulaíocht muid.

Déan sainmhíniú na bulaíochta a chur i gcuimhne do na daltaí – bíonn bulaíocht ann nuair a ghortaíonn nó nuair a ghoilleann duine amháin ar dhuine éigin eile d’aon turas níos mó ná aon uair amháin.

Forbairt

Fágtha ar Lár as Dráma

Baintear úsáid sa cheacht seo as an bhfíseán gearr ‘Drochlá ag Molly’, ina bhfághtar ar lár as dráma í. Ina dhiaidh sin, feicfear leagan níos sóisialta den chás céanna dar teideal ‘Lá Maith ag Molly’.

AM 9: Físeán – Drochlá ag Molly: Taispeáin an físeán agus déan plé air. Tá sé tábhachtach aird na ndaltaí a dhíriú ar ghothaí gnúise agus ar chomharthaíocht choirp na gcarachtar a thugann leideanna dúinn le fáil amach cén chaoi a mothaíonn siad.

Pointí Plé:

- Cad atá ag tarlú anseo?
- Cad a rinne na cailíní ar Mholly?



- Cén chaoi ar mhothaigh Molly, dar leat, nuair a dúirt Emma Jane léi nár fhéad sí bheith ina haisteoir ionaid?
- Cén chaoi ar mhothaigh sí nuair a dúirt siad léi nach raibh siad ag iarraidh seasamh lena hais?
- Cén chaoi a bhfuil a fhios agat go raibh Molly trína chéile?
- An gceapann tú gurb é seo an chéad uair a rinne Emma Jane agus Ann Alice a leithéid de rud do Mholly?
- Dá mbeifeá i do sheasamh sa scuaine, meastú cén chaoi a mothófá féin?
- Cad a d'fhéadfá a dhéanamh chun cabhrú le Molly?
- Cén chaoi a mothófá dá dtarlódh a leithéid duitse?

Nuair a fhághtar amach as rud muid

Fiafraigh de na daltaí céard a dhéanfaidís dá dtarlódh a leithéid dóibhsean. Pléigh leis na daltaí an fáth a bhfuil sé chomh tábhachtach sin an scéal a insint do dhuine fásta agus leanúint ort á insint nó go gcuirfear deireadh leis an mbulaíocht.



AM 10 - An tAmhrán 'Inis an Scéal': Seinn an tAmhrán 'Inis an Scéal' agus déan plé air.

Ní sceitheadh ná brath é insint do dhuine éigin faoin mbulaíocht. Insítear le bheith sábháilte. Tá sé de cheart againn ar fad mothú sábháilte sa bhaile, ar scoil agus i mbun spraoi. Ba cheart dúinn iarracht a dhéanamh a chinntiú go mothaíonn daoine eile sábháilte freisin.



SLEAMHNÁN

AM 11 – Inis an Scéal: Taispeáin an sleamhnán 'Inis an Scéal'. Cuir an Cúigear Iontaofa i gcuimhne do na daltaí.

Déan plé leis na daltaí ar na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith acu é a insint má tá bulaíocht á déanamh orthu nó ar dhuine a bhfuil aithne acu air/uirthi, mar shampla go dtabharfaí sceithire nó brathadóir orthu, nó go mbeadh faitíos orthu go mb'fhéidir go ngortódh an bulaí iad.



FISEÁN

AM 12 Físeán – Lá Maith ag Molly: Féach ar an bhfíseán agus pléigh leis na daltaí an difríocht a fheictear in iompar Emma Jane agus Ann Alice.

Conclúid



AM 10 - An tAmhrán 'Inis an Scéal': Éistfidh na daltaí leis an amhrán 'Inis an Scéal' agus foghlaimoidh siad é.

Topaic 2 Ceacht 4

Drochthionchar na Bulaíochta

Tá Acmhainní an Mhúinteora ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.



Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí na nithe seo a leanas a thuiscint:

- An chaoi a mothaíonn daoine eile nuair a dhéantar bulaíocht orthu agus nach ceart gabháil d'iompar bulaíochta
- A thábhachtaí atá sé an scéal a insint chun iad féin agus daoine eile a choinneáil sábháilte

Acmhainní

AM 13: Cor coise a chur i nduine/Duine a fhágáil ar lár

TR 14: Leideanna Sábháilteachta

TR 15: Rudaí Maithe le Rá

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: : Inniu táimid chun labhairt faoin gcaoi a mothaíonn daoine eile nuair a dhéantar bulaíocht orthu agus ar a thábhachtaí atá sé an scéal a insint chun muid féin agus daoine eile a choinneáil sábháilte.

Déan achoimre ghearr ar an gceacht roimhe seo agus fiafraigh de na daltaí céard atá foghlamtha acu go dtí seo faoin mbulaíocht agus faoina thábhachtaí atá sé insint faoin mbulaíocht.

Cuimhnigh ar scéal Mholly; ar an gcaoi ar fágadh ar lár ar dtús í agus an fáilte a cuireadh roimpi bheith páirteach ina dhiaidh sin.

Forbairt

Bulaithe agus Féachadóirí

Téigh siar ar na pictiúir in AM 1, 'Gnúiseanna Mothúcháin', agus iarr ar na daltaí Gnúiseanna Mothúcháin a phiocadh amach má léiríonn siad an chaoi ab fhéidir a mothódh duine dá mbeadh bulaíocht á déanamh air/uirthe, mar shampla: scanraithe, trína chéile, brónach, feargach, faitíos, míshásta, gortaithe, buartha. Taispeáin ceann de na sleamhnáin seo anois - AM 13(a) nó AM 13(b) - agus pléigh leis an rang é.

AM 13 (a) – Cor Coise á Chur i nDuine:

Pointí Plé:

- Cad atá ag tarlú anseo, dar leat?
- Cad faoin mbuachaill ar dheis?
- An bhfuil sé greannmhar? An bhfuil siad ar fad ag baint spraoi as? Cén duine nach bhfuil ag baint spraoi as?
- Cén chaoi a bhfuil a fhios againn nach bhfuil an cailín sásta?
- Dá gcuirfeadh duine cor coise ionatsa d'aon ghnó mar sin, cén chaoi a mothófá?

Féach ar AM 1, 'Gnúiseanna Mothúcháin'. Cén gnúis a fhreagraíonn don chaoi a mothaíonn sé nuair a chuirtear cos coise ionat nó nuair a thugtar ainmneacha gránna ort? Níl sé de cheart ag aon duine ainmneacha gránna a thabhairt ar aon duine eile. Bulaíocht atá ann. Cad air a ghoilleann sé? Corp? Giúrléid? Mothúcháin?

TR 13 (b) – Duine a Fhágáil ar Lár: Taispeáin an sleamhnán agus pléigh leis an rang é.

- Cad atá ag tarlú anseo?
- Cad atá siad a rá leis an gcailín, dar leat?
- Cén fáth a bhfuil siad á dhéanamh seo, dar leat?
- Cén chaoi a motháíonn tú nuair a deirtear leat imeacht - nach féidir leat páirt a ghlacadh sa spraoi?
- Cén chaoi a motháíonn na cailíní éagsúla, dar leat?
- An mbeifeá sásta dá mba tusa an cailín a bhfuiltear ag gáire fúithi?

Cuir béim ar an bpointe seo: go bhfuil sé mícheart i gcónaí mothúcháin daoine eile a ghortú d’aon ghnó trína bhfágáil ar lár as an spraoi, trí bheith ag magadh fúthu nó trí iompú orthu le go mothóidh siad go dona.

D’fhoghlaim tú a thábhachtaí atá sé insint do dhuine fásta má tá rudaí den sórt sin ag tarlú. Cuimhnigh ar na rialacha Bí Sábháilte: Abair ‘Stop’, Imigh Leat, agus Inis an Scéal.

Spreag na daltaí chun samplaí a thabhairt den chaoi a bhféadfaidís cur ar a son féin, dá ndéarfadís mar shampla, “Stop é sin. Imigh Leat. Mura stopfaidh tú inseoidh mé don mhúinteoir é”; an fód a sheasamh; neamhaird a dhéanamh den duine.



AM 14 - Leideanna Sábháilteachta:

Cad a d’fhéadfá a dhéanamh dá bhfeicfeá bulaíocht á déanamh ar dhuine éigin eile?

Má tá a fhios agat go bhfuil bulaíocht á déanamh ar dhuine éigin eile, ba chóir duit é sin a insint do dhuine fásta. Ní sceithire thú má insíonn tú faoin mbulaíocht - tá tú á insint chun duine éigin eile a choinneáil sábháilte.

Is mian le bulaithe an bhulaíocht a choinneáil ina rún le go leanfaidh siad á déanamh. Ní bhíonn sé éasca i gcónaí insint faoin mbulaíocht. B’fhéidir gur bhagair duine ort gan an scéal a insint toisc go dtarraingeodh sé trioblóid ort féin, mar shampla, nó nár mhaith leat trioblóid a tharraingt ar dhuine eile. Ach cuimhnigh gurb é an chaoi is fearr deireadh a chur leis an mbulaíocht é a insint do dhuine fásta a fhéadann cabhrú.

AM 15 - Rudaí Maithe le Rá: Fiosraigh cuid de na rudaí a d’fhéadfadh na daltaí a rá má fheiceann siad bulaíocht á déanamh ar dhuine éigin eile.

rudaí maithe le rá...

Conclúid

Cuimhnigh:

- Má tá bulaíocht á déanamh ortsa nó ar dhuine éigin eile ar feadh d’eolais, ba chóir duit é sin a insint i gcónaí do dhuine fásta
- Ná coinnigh an bhulaíocht ina rún riamh
- Na rialacha Bí Sábháilte: Abair ‘Stop’, Imigh Leat agus Inis do Dhuine Éigin É, agus lean ort á insint nó go gcuideoidh duine leat.



AM 10 – An tAmhrán ‘Inis an Scéal’: Casann na daltaí an tAmhrán ‘Inis an Scéal’.

Topaic 2 **Ceacht 5**

Comhaontú Ranga

Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- Comhaontú a dhéanamh ar chineálacha iompair a chothóidh atmaisféar dearfach sa seomra ranga
- Comhaontú frithbhulaíochta a chur i scríbhinn don rang
- A gcomhaontú ranga a roinnt le tuismitheoirí/caomhnóirí agus le príomhoide/pobal na scoile.

Acmhainní

BO 9/Nasc Baile is Scoile: Comhaontú Ranga

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Féachfaimid inniu le roinnt smaointe a chur i dtoll a chéile a chabhróidh linn áit a bheadh saor ó bhulaithe agus sábháilte do chách a dhéanamh dár rang.

Déan sainmhíniú na bulaíochta a mheabhru do na daltaí agus iarr orthu cuimhneamh ar chuid de na cnámha scéil a pléadh cheana inar léiríodh iompar bulaíochta.

Cuir i gcuimhne dóibh gur féidir leis an mbulaíocht muid a ghortú ar thrí bhealach: go ngortaíonn sé an corp, go ngoilleann sé ar ár gcuid mothúcháin agus go ndéanann sé damáiste dár gcuid giuirléidí.

Forbairt

Comhaontú Ranga a Fhorbairt

Fiafraigh de na daltaí cad is féidir linn a dhéanamh sa rang s'againne a chinnteodh nach ndéanfaí bulaíocht ar aon duine ann. D'fhéadfaimis comhaontú a dhéanamh gan ainmneacha goilliúnacha a thabhairt ar a chéile, mar shampla, agus fáilte a chur roimh a chéile páirt a ghlacadh i gcluichí agus i ngníomhaíochtaí. D'fhéadfaimis comhaontú a dhéanamh freisin ar rudaí áirithe eile nár cheart tarlú inár rang.

BO 9 – Comhaontú Ranga: Roinn na daltaí ina ngrúpaí agus tabhair cúpla nóiméad dóibh smaoineamh agus plé a dhéanamh ar an méid a d'fhéadfadh gach duine sa rang a dhéanamh chun an bhulaíocht a chosc.

Dáil cóip de Bhileog Oibre 9, 'Comhaontú Ranga', ar gach grúpa.

Ba cheart do gach grúpa clárúitheoir agus urlabhraí a ainmniú. Molfaidh na grúpaí ansin cineálacha iompair is féidir a bhreacadh síos faoi na ceannteidil 'Beimid...' agus 'Ní bheimid...', gan níos mó ná trí nó ceithre cinn de chineálacha iompair faoi gach ceannteideal.

Iarr ar gach grúpa aiseolas a thabhairt don rang ar an méid atá scríofa acu. Scríobh síos na moltaí go léir ar mháistirchóip den bhileog oibre nó ar an gclár bán. Coinnigh taifead ar an líon uaireanta a dhéantar gach moladh ar leith le go bhfeicfidh na daltaí a mhinice a luaitear iad.



Nuair a bheas sin déanta, bain úsáid as moltaí an ranga chun comhaontú ranga a scríobh.

Comhaontú Ranga Samplach

Sa rang seo...

Beimid:

- Cineálta le cách
- Ag smaoineamh ar mhothúcháin daoine eile
- Ag déanamh iarracht fáilte a chur roimh gach duine bheith páirteach
- Á insint má tá duine trína chéile nó á ghortú/gortú

Ní bheimid:

- Ag gortú daoine eile nó a gcuid giuirléidí
- Ag scaipeadh ráflaí gránna nó ag insint bréag ar aon bhealach in aon chor, ar an bhfón nó ar líne san áireamh
- Ag tabhairt ainmneacha gránna ar dhaoine eile le goilleadh ar a gcuid mothúcháin
- Ag fágáil daoine eile ar lár nó neamhaird díobh d'aon ghnó.


Conclúid

Pléigh leis na daltaí cén chaoi ab fhearr a gcuirfí a gcomhaontú i láthair, mar shampla i bhfoirm póstaeir agus síniú gach dalta air.



BO 9/NBS - Comhaontú Ranga:: Tugtar a c(h)óip féin de Bhileog Oibre 9 do gach dalta chun an comhaontú ranga críochnaithe a líonadh amach. D'fhéadfadh na daltaí é sin a thabhairt abhaile leo chun a dtuismitheoirí a chur ar an eolas faoinar chomhaontaigh an rang.

Pléigh leis na daltaí cé hiad na daoine eile arbh fhéidir an comhaontú a roinnt leo, mar shampla le príomhoide na scoile nó le ranganna eile.



BILEOG OIBRE 6
Rang a 1 agus Rang a 2

Cuir Agallamh ar Pháirtí Ranga

M'ainm:

Ainm mo pháirtí ranga: _____

Cad é an cluiche is fearr leat? _____

Cad é an bia is fearr leat? _____

Cad é an clár teilifíse is fearr leat? _____

Cén toradh is fearr leat? _____

Cén deoch is fearr leat? _____

An bhfuil peataí agat?

Tá

☐


Níl

☐

Má tá, cé na peataí atá agat? _____

Céard ba mhaith leat a dhéanamh nuair a bheidh tú mór? _____





BILEOG OIBRE 7
Rang a 1 agus Rang a 2

Sa rang seo léirímid
cineáltas agus meas do
chuile dhuine trí bheith...



Scríobh isteach na trí rud is tábhachtaí
is féidir leo a dhéanamh chun
cineáltas agus meas a léiriú ar scoil.

bí
sábháilte





Nasc Baile is Scoile

BILEOG OIBRE 8

Rang a 1 agus Rang a 2

Bulaíocht

"Bíonn bulaíocht ann nuair a ghortaíonn nó nuair a ghoilleann duine amháin ar dhuine éigin eile d'aon turas níos mó ná aon uair amháin".

Scríobh nó tarraing pictiúr faoi na bealaí is féidir leis an mbulaíocht muid a ghortú.

D'fhéadfadh sé an **corp** a ghortú

D'fhéadfadh sé goilleadh ar do chuid **mothúcháin**

D'fhéadfadh sé damáiste a dhéanamh do do chuid **giuirléidí**

Sa rang inniu, bhíomar ag labhairt faoin mbulaíocht agus faoin gcaoi a ngortaíonn sí muid. Labhair le do pháiste faoin mbulaíocht – a bhfuil i gceist leis, an chaoi a bhféadfadh sé muid a ghortú nó an chaoi a bhféadfadh ár n-iompar bulaíochta féin daoine eile a ghortú.

bí
sábháilte

Síniú Tuismitheora/Caomhnóra

Dáta:



Nasc Baile is Scoile

BILEOG OIBRE 9

Rang a 1 agus Rang a 2

Comhaontú Ranga

Sa rang seo

Beimid

Ní bheimid

Síniú

Labhair le do pháiste
faoin gcomhaontú ranga.



Síniú Tuismitheora/Caomhnóra

Dáta:

Topaic 3

Tadhaill

Réasúnaíocht don Topaic

Mar gheall ar thuairiscí rialta sna meáin is maith is eol dúinn go léir agus is mór an feall é go bhfuil mí-úsáid ghnéasach á déanamh ar leanaí. Aithnítear freisin nach dtugtar tuairisc riamh ar go leor cásanna mí-úsáide leanaí agus go mbíonn leanaí ag fulaingt i ngan fhios don saol. Tarlaíonn mí-úsáid ghnéasach leanaí i ngach grúpa socheacnamaíoch agus is minic go mbíonn aithne mhaith ag an leanbh agus ag a theaghlach/teaghlach ar an té a bhíonn ag gabháil don mhí-úsáid. Tá sé de chúram ar an tsochaí leanaí a chosaint ó mhí-úsáid ach caithfear an t-eolas agus na straitéisí a thabhairt do leanaí freisin chun iad féin a chosaint.

Sna ceachtanna seo, tugtar an deis do leanaí tadhaill chuí a phlé agus insint cén luach a chuireann siad orthu. Déantar iniúchadh ar thadhaill a chuireann mearbhall ar leanaí. Múintear go sainráite dóibh faoi thadhall mí-oiriúnach agus cuidítear leo a thuiscint nach bhfuil sé de cheart ag aon duine a gcorp a thadhall ar bhealach a chuireann imní orthu nó trína motháíonn siad neamhshábháilte.

D'fhonn deiseanna a thabhairt do leanaí an inniúlacht agus an mhuinín a fhorbairt atá ag teastáil chun cásanna mí-úsáide a láimhseáil, múintear agus cleachtar straitéisí sábháilteachta pearsanta, lena n-áirítear daoine fásta a bhfuil iontaoibh ag leanaí iontu agus in ann labhairt leo a aithint.

I rith an cheachta seo, beidh tú ag dul i ngleic le tadhaill neamhoiriúnacha. Tá sé tábhachtach smaoineamh go bhféadfadh sé gur fhulaing duine éigin i do rang mí-úsáid nó go bhfuil siad ag fulaingt mí-úsáide faoi láthair. Is fiú meabhrú do dhaltaí, má tá siad trína chéile de bharr aon cheist a ardaítear, gur chóir dóibh labhairt go príobháideach leat féin nó le duine fásta eile a bhfuil iontaoibh acu as nó aisti.



MAPÁIL CHUIG AN GCURACLAM OSPS

Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

SNÁITHE:

Snáithaonaid:

MISE

Sábháilteacht agus Cosaint

Sábháilteacht Phearsanta

- Iniúchadh a dhéanamh ar straitéisí sábháilteachta iomchuí
- Cásanna agus áiteanna sábháilte a aithint, mar aon leo siúd ina bhféadfadh a sábháilteacht phearsanta a bheith i mbaoil
- Faigh amach cén chaoi a n-áitíonn daoine eile air/uirthi a bheith ag gabháil d'iompar neamhshábháilte

Snáithaonaid:

Ag tabhairt aire do mo chorp

Bheith eolach ar mo chorp

- Codanna den chorp fireann is den chorp baineann a ainmniú, ag úsáid téarmaí anatamaíocha oiriúnacha, agus roinnt dá gcuid feidhmeanna a aithint

Snáithaonaid:

Féinaithne

Féinfheasacht

- Na gnéithe go léir is cúis le duine a bheith speisialta agus sainiúil a phlé agus a léirthuisint
- Tosú ar chumais, scileanna agus buanna pearsanta a thuiscint agus a léirthuisint agus meas a léiriú dóibh
- Sainroghanna pearsanta a aithint agus a thaifeadadh
- Éirí feasach ar an saol mórtimpeall air/uirthi trí na céadfaí

Stór focal

Naíonáin Bheaga/Mhóra	Rang a haon/dó
Príobháideach	Gotha gnúise
Poiblí	Comharthaíocht choirp
Pearsanta	Náirithe
Bod	Iontaoibh
Faighin	
Cíoch	
Mearbhlach	
Na céadfaí - feiceáil, cloisteáil, bolú, blaiseadh, tadhall	
Rún	

Topaic 3 **Ceacht 1**

Cineálacha difriúla Tadhaill

Tá **Acmhainní an Mhúinteora** ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.

Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- Chun gnáthchion a thuiscint agus a luach a léirithiú
- Tadhaill a thaitníonn leo, tadhaill nach dtaitníonn leo agus tadhaill a chuireann mearbhall orthu a aithint
- Na mothúcháin a cheanglaíonn siad le tadhaill dhifriúla a aithint
- Foghlaim conas tadhaill nach maith leo, nach bhfuil siad a iarraidh nó a chuireann mearbhall orthu a láimhseáil.

Acmhainní

TR 16: Na Céadfaí

TR 17: Tadhaill a thaitníonn liom (Fuaim le clár scéil)

WS 10: Tadhall - Cad faoi...

WS 11/Nasc Baile is Scoile: Rialacha Bí Sábhaílte

Mála mothaithe i gcomhair gníomhaíochta – féach thíos

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Labhróimid inniu faoi thadhaill agus na rudaí éagsúla a mhothaímid le tadhaill dhifriúla.

Abair leis na daltaí go mbeimid ag plé le tadhaill sa cheacht seo - tadhaill a thaitníonn linn, tadhaill nach dtaitníonn linn agus tadhaill nach bhfuilimid cinnte fúthu. Téigh siar ar aon obair a rinne tú leis an rang roimhe seo ar na céadfaí. Mínigh dóibh gur ceann dár gcúig chéadfaí é tadhall. Fiafraigh de na daltaí an bhfuil siad in ann na céadfaí eile a ainmniú.




D'fhéadfadh an nasc seo a leanas, **TR 16 – DKfindout!** a bheith áisiúil chun an fhoghlaim sa réimse seo a fhairsingiú.

Forbairt

Gníomhaíocht - Cluiche Céadfach (Mála Mothaithe): Cuireann na daltaí a lámh isteach sa mhála ar a seal chun rud éigin a mhothú, cur síos a dhéanamh ar cad a mhothaíonn siad (cruth, uigeacht, etc.) agus tugann siad buile faoi thuairim faoi cad a d'fhéadfadh a bheith ann. B'fhéidir gur mhaith an rud é samhltú a dhéanamh air sin ar dtús, mar shampla, "Is rud é a airíonn bog i mo lámh. Tá sé smeadráilte agus is féidir é a bhrú. Déarfainn gur leamhachán é".

Chomh maith le buile faoi thuairim a thabhairt faoi cad a cheapann siad atá ann, féadfaidh na daltaí a rá cibé an maith leo é a thadhall, nach maith leo é a thadhall nó b'fhéidir nach bhfuil siad cinnte.

Is fiú a rá go léiríonn ár ngothaí gnúise agus ár gcomharthaíocht choirp go minic conas a mhothaímid faoi rud sula ndeirimid é.



Tadhaill a thaitníonn liom

TR 17 Scéal – Tadhaill a thaitníonn liom: Léigh an scéal agus pléigh é leis an rang.

Tá Jean seacht mbliana d’aois agus tá sí i rang a dó. Is í Ann an cara is fearr léi ar fad. Bíonn an-spraoi acu le chéile ach tá Jean brónach inniu. Nuair a fhiafraíonn Ann di cén fáth, tosaíonn sí ag caoineadh agus deir sí go bhfuil a cat, Sunny, ar iarraidh. Níl a fhios ag Ann cad is fearr di a rá le Jean chun go mbeidh sí sásta arís. Cuireann sí a lámh timpeall uirthi, buaileann sí barróg mhór uirthi agus geallann sí di go gcabhróidh sí léi an cat a chuardach i ndiaidh na scoile. Mothaíonn Jean níos fearr anois.

Iarr ar dhaltaí samplaí a thabhairt de thadhaill is maith leo a dhéanamh nó a fháil, mar shampla, barróga, bosa in airde, greim lámh ina chéile, nuair a chuireann duine lámh timpeall ort má tá tú trína chéile, etc.

Cén fáth a dtaitníonn na tadhaill sin linn? Is tadhaill iad lena mothaímid ceart go leor, te, sábháilte agus go bhfuil cion ag duine eile orainn. Taispeánaimid go minic do dhaoine go bhfuil cion againn orthu trí bharróg a bhreith orthu, póg a thabhairt dóibh nó breith ar lámh orthu.

Tadhaill nach dtaitníonn liom

Fiafraigh de na daltaí anois faoi thadhaill nach dtaitníonn leo. Iarr orthu an oiread acu agus is féidir a chur i liosta, cosúil le bualadh, ciceáil nó scealpóg a bhaint as duine. Déan iniúchadh ar conas a mhothaíonn siad le tadhaill nach dtaitníonn leo, mar shampla, brónach, feargach, míchompordach, náirithe, scanraithe nó neamhshábháilte.

Déan tagairt ghairid do na ceachtanna ar bhulaíocht agus cad a d’fhoghlaim siad faoi bhulaíocht fhisiceach. Uaireanta gortaímid daoine nó cuirimid trína chéile iad leis an mbealach a dhéanaimid iad a thadhall. Uaireanta gortaíonn tadhall nach dtaitníonn linn muid agus fágann sé ball gorm, gearradh, cnámh briste nó dó.

Tadhaill a chuireann mearbhall orainn

Is ionann tadhall a chuireann mearbhall orainn agus tadhall a fhágann ag mothú neamhshábháilte thú, a chuireann trína chéile thú, nó a fhágann go bhfuil tú ag mothú míshocair nó aisteach ionat féin. D’fhéadfadh tadhall a chuireann mearbhall ort tosú ceart go leor ach ansin nach mbíonn sé ceart go leor sa deireadh

I measc samplaí de thadhaill a chuireann mearbhall orainn, bíonn barróga móra a bhíonn rófháiscthe, dinglis (nuair a thosaíonn sé ag cur pian ort nó nach stopann an duine), agus póga ó dhuine nach bhfuil aithne mhaith agat air nó nach bhfuil tú compordach ina chomhlúadar. Iarr ar an rang an oiread samplaí agus is féidir leo a thabhairt duit.

Cad is féidir leat a dhéanamh má thadhlaíonn duine tú ar bhealach nach dtaitníonn leat?

Má thadhlaíonn duine thú ar bhealach nach dtaitníonn leat, is féidir leat a rá leo stopadh. Ba cheart duit i gcónaí insint do dhuine fásta a bhfuil iontaobh agat as nó aisti faoin tadhall. Cuimhnigh, is leatsa do chorp agus má thadhlaíonn duine thú ar bhealach nach dtaitníonn leat, tá sé de cheart agat a rá leo stopadh.


Cad a tharlaíonn mura stopann siad? Ansin leanfaidh tú na Rialacha Bí Sábháilte – ‘Stop’ a rá, imeacht agus insint do dhuine éigin, agus lean ort ag insint go dtí go n-éistean duine éigin leat.

Cad a tharlaíonn má thadhlaíonn duine fásta thú ar bhealach nach dtaitníonn leat? Cad a tharlaíonn más duine fásta a thug buille duit nó a ghortaigh tú? An bhféadfá Stop a rá fós féin? D'fhéadfá ar ndóigh, ach uaireanta bíonn sé deacair a rá le duine fásta Stopadh. Cuimhnigh, is leatsa do chorp agus is féidir Stop a rá i gcónaí nuair a thadhlaítear thú ar bhealach nach dtaitníonn leat fiú más duine fásta a dhéanann é.

Fiafraigh de na daltaí an bhfuil siad in ann smaoineamh ar amanna eile a mbeadh sé ceart go leor 'Stop' a rá le duine fásta. Mar shampla, cad faoi nuair a thairgeann duine fásta nach bhfuil aon aithne agat air síob duit?

Cuir béim ar an tábhacht atá le 'Stop' a rá chun a bheith sábháilte agus go bhfuil sé ceart go leor 'Stop' a rá le duine fásta má tá an duine fásta ag iarraidh orthu rud éigin atá contúirteach nó mícheart a dhéanamh nó lena mothaíonn siad neamhshábháilte.

Cad faoi má thaitníonn an duine leat agus nach bhfuil tú ag iarraidh iad a ghortú? Cad a d'fhéadfá a dhéanamh sa chás sin? B'fhéidir nach dtuigean siad nach maith leat an bealach a bhfuil siad do do thadhall. An mbeadh sé mímhúinte a rá leo nach maith leat cad atá ar siúl acu? Fan go bhfeicimid cad is féidir a dhéanamh.



WS 10 - Tadhall - Cad faoi...: Oibríonn na daltaí i mbeirteanna. Faigheann gach beirt cás le plé. Ní mór dóibh teacht ar smaointe faoi conas a d'fhéadfaí dul i ngleic leis na cásanna.

- Bíonn d'aintín i gcónaí ag iarraidh ort suí ar a glún ach, dar leat, tá tú ró-fhásta anois. Mothaíonn tú náirithe á dhéanamh
- Is maith le cara le do dhaide dinglis a chur ionat ach uaireanta nuair a bhaineann sé dinglis asat, ní bhíonn sé go deas agus gortaíonn sé thú
- Tá duine ag iarraidh breith ar lámh ort i gcluiche agus níl tú ag iarraidh é sin a dhéanamh níos mó
- Tugann do chol ceathrar mór bosa arda chomh crua duit is go ngortaíonn sé go mór thú uaireanta. Tá imní ort mura dtugann tú bosa arda ar ais dó go gceapfaidh sé nach bhfuil tú mór leis.

Nó, d'fhéadfaí é seo a dhéanamh ar ghníomhaíocht ranga uile, áit a roghnaíonn an múinteoir daltaí chun cásanna a léamh amach agus cuireann sé fáilte roimh fhreagraí ansin.

Tá sé an-tábhachtach go bhfaigheadh na daltaí an teachtaireacht go bhfuil sé ceart go leor i gcónaí 'Stop' a rá le tadhall nach bhfuil siad a iarraidh nó nach dtaitníonn leo.

Uaireanta is deacair a rá le duine fásta nach dtaitníonn tadhall leat agus b'fhéidir uaireanta freisin nuair a deir tú le duine stopadh de do thadhall nach stopann siad fós. Má tharlaíonn sé sin, ansin ní mór duit i gcónaí é a insint do dhuine fásta eile a bheidh in ann cabhrú leat.

Conclúid

Pioc ceann de na cásanna thuas agus iarr ar dhaltaí (nó múinteoir in éineacht le daltaí) rólghlacadh a dhéanamh ag rá le duine fásta faoi thadhall nach raibh siad a iarraidh/nár thaitin leo.

Déan póstaer don rang ag úsáid na Rialacha Bí Sábháilte: 'Stop' a rá, Imeacht agus Insint.

WS 11/HSL - An Riail Bí Sábháilte: Líonann na daltaí isteach an bhileog oibre sa bhaile.



Topaic 3 **Ceacht 2**

Tadhall Míchuí a láimhseáil

Tá **Acmhainní an Mhúinteora** ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.

Nóta don Mhúinteoir:

Luaitear an cuspóir inneachair seo a leanas faoin Snáithaonad Ag Tabhairt Aire do mo Chorp sa churaclam OSPS do na Naíonáin:

“Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste codanna den chorp fireann is den chorp baineann a ainmniú, ag úsáid téarmaí anatamaíocha oiriúnacha”.

Tabhair faoi deara gur chóir go mbeadh ainmniú codanna den chorp ar aon líne le beartas OCG do scoile. D’fhéadfadh na báiboga atá deartha le húsáid le ceachtanna OCG a bheith áisiúil anseo chun baill bheatha an choirp a aithint agus a ainmniú.

I rith an cheachta seo, beidh tú ag dul i ngleic le tadhaill neamhoiriúnacha. Tá sé tábhachtach smaoineamh go bhféadfadh sé gur fhulaing duine éigin i do rang mí-úsáid nó go bhfuil siad ag fulaingt mí-úsáide faoi láthair. Is fiú meabhrú do dhaltai, má tá siad trína chéile de bharr aon cheist a ardaítear, gur chóir dóibh labhairt go príobháideach leat féin nó le duine fásta eile a bhfuil iontaoibh acu as nó aisti.

Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltai:

- Baill phríobháideach a gcoirp a aithint agus a ainmniú
- A thuiscint nár cheart dóibh rúin a choimeád go deo faoi thadhaill agus má thadhlaíonn duine iad ar a mbaill phríobháideach gan chúis mhaith (fiú má mhaíonn siad gur ag spraoi nó ag spochadh astu atá siad), gur cheart dóibh insint do dhuine fásta
- Na scileanna, an mhuinín agus na straitéisí a fhorbairt chun ‘Stop’ a rá le tadhaill neamhoiriúnacha

Acmhainní

TR 18: Poiblí/Príobháideach

TR 19: Nasc Físeáin: Úinéireacht Choirp

TR 20: Scéal na Cóisire Lá Breithe

WS 12/Nasc Baile is Scoile: Trá

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Labhróimid inniu faoin gcúis nár chóir dúinn rúin a choimeád riamh faoi thadhaill agus gheobhaimid amach faoin tábhacht atá le rud a insint do dhuine fásta.

Tabhair deis do dhaltai labhairt faoina bhfuil foghlamtha acu cheana féin faoi thadhaill - tadhaill a thaitníonn linn, tadhaill nach dtaitníonn linn agus tadhaill a chuireann mearbhall orainn

Labhraíomar freisin faoi chásanna nuair atá sé ceart go leor ‘Stop’ a rá le duine fásta agus an tábhacht atá le go n-inseimis faoi thadhaill nach bhfuilimid a iarraidh nó nach dtaitníonn linn. Déanfaimid tuilleadh cainte faoi thadhaill inniu.

Forbairt

Baill phríobháideacha an choirp

TR: 18 – Poiblí/Príobháideach: Déan T-Chairt le Poiblí/Príobháideach ar barr. Iarr ar dhaltai tobsmaointeoireacht a dhéanamh ar na rudaí a dhéanaimid go príobháideach agus na rudaí a dhéanaimid go poiblí.

Obair Chiorcail: Déantar codanna de do chorp a thadhall cuid mhaith. B’fhéidir go gcroithfeadh daoine lámh leat, go mbuailfidís bosóg éadrom ar do dhroim nó do cheann, nó go gcuirfidís a lámha timpeall ort. Tá codanna eile de do chorp príobháideach agus ní thadhlaítear iad an oiread sin, seachas b’fhéidir má bhíonn tú tinn nó ag an dochtúir. Tá na codanna de do chorp atá cumhdaithe ag fo-éadaí nó ag éadaí snámha príobháideach agus níl sé de cheart ag aon duine thú a thadhall ansin mura bhfuil cúis mhaith acu.

Poiblí Príobháideach

_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____

Aithin agus ainmnigh baill bheatha an choirp ag úsáid na n-ainmneacha anatamaíocha cearta, mar shampla, tóin, bod, faighin, cíoch, pít.

Níor chóir d’aon duine riamh iarraidh ort tadhall a choimeád faoi rún. Tá cásanna ann nuair a bhíonn tú tinn nó gortaithe agus b’fhéidir go gcaithfeadh altra, dochtúir nó duine éigin a bhfuil iontaoibh agat as nó aisti thú a scrúdú. Uaireanta bíonn cúnamh ag teastáil uainn chun cith nó folcadán a ghlacadh ach níor chóir iarraidh ort riamh aon tadhall a choimeád faoi rún. Níor chóir d’aon duine riamh iarraidh ort tadhall a choimeád faoi rún – fiú duine a bhfuil aithne agat air agus a bhfuil iontaoibh agat as nó aisti.

Tadhall Míchuí a láimhseáil

Úsáid ceann de na gníomhaíochtaí seo a leanas:



TR 19 - Nasc Físeáin: Taispeáin an físeán ar úinéireacht choirp agus pléigh é leis an rang. Amhail gach píosa físe, tá sé tábhachtach go mbreathnódh an múinteoir air ar dtús lena chinntiú go bhfuil sé oiriúnach.

NÓ

TR 20 Scéal - Scéal na Cóisire Lá Breithe: Léigh nó seinn an scéal agus pléigh é leis an rang.

“Táim ar bís. Tá sceitimíní orm. Tá mo dhlúthchara seacht mbliana d’aois Dé Sathairn”, a smaoinigh Anna.


Tháinig an Satharn, lá breá brothallach. D’éirigh Anna go luath agus chuir sí uirthi na jóns agus an geansaí is fearr léi. Tar éis an bhriceasta bhí sí gnóthach ag déanamh an chárta lá breithe agus ag cumhdach an bhronntanais. Ar deireadh bhí sé in am dul chuig cóisir lá breithe Maria. Léim sí isteach sa charr in éineacht le Mama.


Mhóthaigh sí chomh sásta ag tiomáint amach as an mbaile mór mar b’fhada léi go gcaithfeadh sí tráthnóna ar an bhfeirm in éineacht le Maria agus a clann. Is minic a smaoinigh sí go mbeadh sé iontach cónaí amuigh faoin tuath agus, cosúil le Maria, a col ceathracha móra a bheith ina gcónaí ar an bhfeirm béal dorais.

Bhíodh Anna an-sásta go deo nuair a thagadh an col ceathrar ab fhearr le Maria, Jimmy, ar cuairt. Cé go raibh sé cúig bliana déag, bhíodh sé ag spraoi leo i gcónaí, ag insint scéalta grinn dóibh agus á gcur ag gáire. Ba mhinic leis adhnua a dhéanamh di.

Is í Anna an chéad duine a tháinig chuig an teach agus chabhraigh sí le Maria an bia agus na féiríní a chur le chéile. De réir a chéile líon an teach le daoine agus thosaigh an spraoi agus na cluichí. Thaitin an caisleán spraoi go mór le gach duine agus bhí an-chraic acu ag imirt “Púicín”. Ina dhiaidh bhí an cluiche ab fhearr le Anna – ‘folach bíog’.

Ar dtús, ba í Maria, an cailín a bhí ag ceiliúradh, an té a bhí ag lorg agus ar ndóigh b’fhurasta di na háiteanna folaigh go léir timpeall an ghairdín a aimsiú. D’aimsigh sí a cuid cairde gan stró. Ansin bhí seans ag Michael, buachaill ón rang. Shocraigh Anna an uair seo dul chuig an locht sa scioból féir – b’fhurasta dul suas ar an dréimire mór adhmaid agus áit mhaith chompordach a bhí ann le dhul i bhfolach. Ní thiocfadh Michael uirthi ansin. Ní raibh sé ag an bhfeirm roimhe seo mar sin ní bheadh aon eolas aige ar na háiteanna iontacha le dhul i bhfolach. Ní raibh sí ach bailithe suas agus í ag déanamh compoird nuair a léim Jimmy, col ceathrar Maria, suas ina diaidh.





“Ní miste leat má théim i bhfolach anseo in éineacht leat?” a d’fhiafraigh sé. Bhí ríméad ar Anna. Bheadh spraoi acu anois.

Chrom siad síos sa chúinne, chomh ciúin le dhá luch.

“Tar anseo go dtí mé”, a dúirt Jimmy agus bhog sé an-ghar di, chuir sé a lámh timpeall uirthi i mbarróg mhór. Ar dtús, shílfeá go raibh sé ceart go leor, ach d’fháisc sé ar an mbarróg agus ansin phóg Jimmy ar na beola í. Bhí Anna ag iarraidh imeacht uaidh ach ní raibh sí in ann. Bhí sí mar a bheadh sí reoite ar an spota. Bhí Jimmy ag gáire agus, chuir sé a mhéar ar a bheola, agus dúirt, “ná habair smid”.

Mhóthaigh Anna an-mhíchompordach go deo ach cad a d’fhéadfadh sí a dhéanamh? Mheas sí gur thóg sé píosa fada ar Michael í a aimsiú, nuair a chonaic sí é ag barr an dréimire. “Beirt in áit duine”, a bhéic sé.

Thug Anna na cosa uirthi féin. Bhí sí ar crith ina craiceann.

“Go breá, tá sé in am rud éigin a ithe”, a bhéic Mama Maria agus isteach leo go léir.

Ba bheag suim a bhí aici sa phíotsa, sna rollóga ispín, sna bonnóga ná sna sólaistí beaga níos mó. Bhí Anna ag piocadh ar an bpíosa píotsa agus fiú nuair a chonaic sí an cáca lá breithe agus an t-uachtar reoite, ní raibh aon fhonn uirthi iad a ithe.

Bhí sí ag iarraidh dul abhaile. Bhí faoiseamh aici nuair a tháinig a Mama ag 6pm. “Fuair mé glaoch ó mháthair Michael ag iarraidh orainn síob a thabhairt dó ar an mbealach ar ais”, a dúirt Mama.


D’fhág Anna slán ag Maria agus ag a clann agus chuaigh sí isteach sa charr le Mama agus Michael. Bhí sí an-chiúin ar an mbealach abhaile, ach níor thug Mama faoi deara mar bhí Michael ag caint ar feadh an achair.

Cad a chuaigh in aimhréidh? Bhí sí ag tnúth chomh mór leis an gcóisir ach anois mhothaigh sí trína chéile go mór, ach níor thug aon duine faoi deara. An raibh sí seafóideach? Bhí mearbhall uirthi ag an rud ar fad. Níor thaitin an mothúchán seo léi agus dúirt Mama i gcónaí dá mbeadh aon rud ag cur isteach uirthi nár cheart di é a choimeád di féin. Ach cén chaoi a bhféadfadh sí cur síos a dhéanamh ar an méid a tharla agus conas a mhothaigh sí faoi?

Ar bhealach éigin, thiocfadh sí ar na focail agus d’inseodh sí do Mhama faoi ar ball.

Pointí le plé:

- Cad ba cheart do Anna a dhéanamh?
- Samhlaigh gur tusa Anna. Cé na focail a d’úsáidfeá chun insint?
- Cén chaoi meas tú a mhothódh Anna tar éis di insint?
- Cad faoi mura n-inseodh Anna?



Críochnaigh an scéal

D’fhág siad Michael ag a theach féin agus d’iompaigh Mama an carr timpeall le tiomáint abhaile. Ní raibh siad imithe ach achar beag síos an bóthar nuair a dúirt Mama, “Tá tusa an-chiúin, a Anna. An bhfuil tú ceart go leor?”

Bhí na deora le Anna agus í ag insint dá Mama faoin méid a tharla ag an gcóisir. Stop Mama an carr ar thaobh an bhóthair agus d’éist sí le Anna.

Nuair a stop Anna ag caint, rug Mama greim ar a lámh agus dúirt sí, “Tá áthas orm gur inis tú dom faoi”. Dúirt sí freisin nach raibh an locht ar Anna faoin méid a tharla agus go ndéanfadh sí cinnte nach ndéanfadh Jimmy aon rud mar sin léi go deo arís.

Mar sin cad a d'fhoghlaimar?

Ba cheart duit insint i gcónaí má thadhlaíonn duine thú ar bhealach a fhágann go mothaíonn tú neamhshábháilte nó má cheapann tú go bhfuil an méid atá ar siúl acu mícheart, fiú amháin más é do chara nó duine éigin i do theaghlach atá á dhéanamh.

Cad faoi dá mba bhean a thadhlaíodh thú ar bhealach a d'fhágfadh tú ag mothú neamhshábháilte nó éiginnte, agus ansin gur iarr sí ort é a choimeád faoi rún? Ba cheart duit fós féin é a insint do dhuine fásta a bhfuil iontaoibh agat as nó aisti


Cuimhnigh an Riail Bí Sábháilte a úsáid – ‘STOP’ a rá, imeacht agus insint do dhuine fásta.

Níl sé de cheart ag aon duine iarraidh ort tadhall a choimeád faoi rún. Fiú má cheapann tú go ndearna tú rud éigin contráilte, ní ortsa atá an locht agus ba cheart duit insint i gcónaí.

Cén chaoi a bhféadfá rud a insint? Bhuel, féadfaidh tú rá le Mama nó le Daide: “Tá fadhb agam agus táim ag iarraidh labhairt leat faoi. Is faoi dhuine éigin é a thadhaill mé ar bhealach nár thaitin liom”.


B'fhéidir go mbeadh sé deacair é a insint agus b'fhéidir go mbeadh faitíos ort, ach inis é chomh luath agus is féidir leat. Aireoidh tú níos fearr nuair a insíonn tú an scéal do dhuine fásta a bheidh in ann cabhrú leat.

Uaireanta is deacair teacht ar na focail chun rud a insint mar sin d'fhéadfá pictiúr a tharraingt, nóta a scríobh nó taispeáint ar bhábóg cén áit ar tadhlaíodh thú.



Conclúid

WS 12/HSL - An Trá: Meabhraigh a bpas sábháilteachta pearsanta Insint 5 do na daltaí agus ansin iarr orthu an bhileog oibre a dhathú.



Tadhall

BILEOG OIBRE 10

Rang a 1 agus Rang a 2

cad faoi...



Bíonn d'aintín i gcónaí ag iarraidh ort suí ar a glún ach, dar leat, tá tú ró-fhásta anois. Mothaíonn tú náirithe á dhéanamh.



Is maith le cara le do dhaide dinglis a chur ionat ach uaireanta nuair a bhaineann sé dinglis asat, ní bhíonn sé go deas agus gortaíonn sé thú.



Tá duine ag iarraidh breith ar lámh ort i gcluiche agus níl tú ag iarraidh é sin a dhéanamh.



Tugann do chol ceathrar mór bosa arda chomh crua duit is go ngortaíonn sé go mór thú uaireanta. Tá imní ort mura dtugann tú bosa arda ar ais dó go gceapfaidh sé nach bhfuil tú mór leis.

cad faoi

bí
sábháilte

cad faoi



Nasc Baile is Scoile

BILEOG OIBRE 11

Rang a 1 agus Rang a 2

An Riall Bí Sábháilte

'Stop'

a rá

Imigh Inis

Dathaigh/Maisigh do
Rialacha Bí Sábháilte

Labhraíomar inniu faoin tábhacht atá sé rud
a insint do dhuine fásta má thadhaill duine
thú ar bhealach nár thaitin leat.



Síniú Tuismitheora/Caomhnóra

Dáta:




Nasc Baile is Scoile

BILEOG OIBRE 12

Rang a 1 agus Rang a 2

Trá



D'fhoghlaimomar inniu nár chóir d'aon duine riamh iarraidh ort tadhall a choimeád faoi rún. Is iad na codanna dár gcorp atá príobháideach ná iad sin a chumhaítear lenár n-éadaí snámha. Tá sé tábhachtach go bhfoghlaímíonn do pháiste na téarmaí anatamaíocha cearta le haghaidh codanna príobháideacha a choirp.

bí
sábháilte

Síniú Tuismitheora/Caomhnóra

Dáta:

Topaic 4

Rúin agus Insint

Réasúnaíocht don Topaic

Bíonn daoine a dhéanann mí-úsáid ar leanaí ag brath ar rúin, ar bhagairtí agus ar bhreabanna. Mar sin is é príomhtheachtairacht na topaice seo nár chóir tadhaill a choimeád faoi rún riamh. Foghlaimíonn leanaí conas rud a insint, cé dhó a n-insíonn siad rud, cén uair is fearr rud a insint agus leanúint dá insint go dtí go n-éistean duine éigin leo. Tugtar deiseanna chun an teachtaireacht sin a chleachtadh agus a atreisiú.

bí
sábháilte



MAPÁIL CHUIG AN GCURACLAM OSPS

Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

SNÁITHE:

Snáithaonaid:

MISE

Sábháilteacht agus Cosaint

Sábháilteacht Phearsanta

- Iniúchadh a dhéanamh ar straitéisí sábháilteachta iomchuí
- Cásanna agus áiteanna sábháilte a aithint, mar aon leo siúd a bhféadfadh a sábháilteacht phearsanta a bheith i mbaoil
- Faigh amach cén chaoi a n-áitíonn daoine eile air/uirthi a bheith ag gabháil d'iompar neamhshábháilte

Snáithaonaid:

Ag Fás agus ag Athrú

Braistintí agus mothúcháin

- Mothúcháin ilghnéitheacha a ainmniú agus labhairt faoi staideanna ina bhféadfaí dul tríothu

Snáithaonaid:

Féinaithe

Ag Déanamh Cinntí

- Tosú ar fheasacht a fhorbairt maidir le tosca a mbeadh tionchar acu ar chinntí nó ar roghanna a dhéanfaí

Stór focal

Naíonáin Bheaga/Mhóra	Rang a haon/dó
Ionadh	Bobanna
Míchompordach	Damnaithe
Éiginnte	Dúshlán a thabhairt
Breab	Trí thaisme
Bagairt	Freagrach

Topaic 4

Ceacht maidir le Rúin agus Insint

Tá **Acmhainní an Mhúinteora** ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.

Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí foghlaim faoin méid seo a leanas:

- Conas idirdhealú a dhéanamh idir rúin mhaithe agus drochrúin
- Conas a insint go héifeachtach
- A dheacra atá sé a insint nuair atá breabanna nó bagairtí i gceist.

Acmhainní

BO 13/Nasc Baile is Scoile: Rún maith/Drochrún/Níl a fhios agam

AM 21: Rún Mháirtín

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Inniu táimid chun labhairt faoi rúin mhaithe agus drochrúin agus a thábhachtaí atá sé drochrúin a insint do dhuine fásta, fiú amháin má tá sé deacair é sin a dhéanamh.

Déan athbhreithniú gairid ar ábhar an cheachta roimhe seo, TR 19: gearrthóg físe nó TR 20: Scéal na Cóisire Lá Breithe, agus a thábhachtaí atá sé gan rúin faoi theagmháil a choinneáil riamh.

Forbairt

Rúin Mhaithe agus Drochrúin

Táimid tar éis a bheith ag caint ar a thábhachtaí atá sé insint do dhaoine fásta nuair a mhothaímid neamhshábháilte, trína chéile nó buartha agus faoin gcaoi a bhféadfadh sé a bheith deacair é sin a dhéanamh. Inniu táimid chun labhairt faoi rúin – rúin mhaithe agus drochrúin.

Cad is rún maith ann? Mothaíonn tú go maith i dtaobh rún maith, mar shampla, ábhar iontais taitneamhach.

Cad faoi seo – tá breithlá do mháthar ag teacht go luath agus cheannaigh d’athair bronntanas speisialta di – ní inseoidh sé duit cad atá sa bhronntanas mura ngeallann tú dó go gcoinneoidh tú faoi rún é? An rún maith é sin? Cén fáth?

Rún maith atá ann toisc gur ábhar iontais atá i gceist. Ní thiocfadh leat é sin a insint cionn is go millfeadh sé an t-ábhar iontais do do mháthair. Conas a mhothófá mar gheall ar an rún sin? Sásta agus tógtha is dócha. Ní rúin go deo iad rúin mhaithe; tá siad cosúil le hábhair iontais.

Iarr ar na daltaí dornán samplaí de rúin mhaithe a thabhairt, mar shampla, bronntanas nó cárta a dhéanamh faoi choinne Lá na nAithreacha.

Cad is drochrún ann? Bíonn imní nó eagla ort i dtaobh drochrúin. Is mian leis an duine go gcoinneofa an rún go deo. Níl siad ag iarraidh go n-inseofa an rún d’aon duine eile.

Cad faoi seo – feiceann tú duine éigin i do rang ag goid airgid as mála scoile duine eile? Deir sé/sí leat é a choinneáil faoi rún. An rún maith nó drochrún é sin? Cén fáth?



Níl an rud atá ar bun aige/aici ceart. Tá sé/sí ag tógáil rud éigin nach leis/léi é agus níl sé de cheart aige/aici iarraidh ortsa é a choinneáil faoi rún. Conas a mhothófá mar gheall ar an rún sin?

Iarr ar na daltaí dornán samplaí de dhrochrúin a thabhairt.

BO 13 – Rún maith/Drochrún/Nílim cinnte: Is féidir tabhairt faoin ngníomhaíocht seo i mbeirteanna/i ngrúpaí beaga. Tugann na grúpaí aiseolas faoina bhfreagraí agus faoina réasúnaíocht. Is tábhachtach a chinntiú go dtuigeann na daltaí nár chóir dóibh rún faoi theagmháil, rún a mbraitheann siad go holc nó míchompordach mar gheall orthu, nó rún nach bhfuil siad cinnte fúthu, a choinneáil riamh. Ba cheart na rún sin a phlé i gcónaí le duine fásta atá in ann cabhair a thabhairt.

- Tógann duine de na páistí i do rang do lón i gcónaí agus tugann sé/sí rabhadh duit gan scéala a dhéanamh air/uirthi
- Tá d'aintín ag súil le leanbh nua ach níl sí ag iarraidh go mbeadh daoine taobh amuigh den teaghlach ar an eolas faoi go fóill
- Tá bulaíocht á déanamh ar do chara ar an mbealach abhaile ón scoil ach níl sé ag iarraidh go n-inseofa é sin d'aon duine ar eagla go n-éireodh an bhulaíocht níos measa
- D'iarr páiste níos sine ort do lámh a leagan ar a b(h)ail phríobháideacha
- Tá cóisir lá breithe á heagrú le aghaidh do dheirféar móire. Iarrtar ort an chóisir a choinneáil faoi rún
- Cuireann do chara iallach ort gealltanais a thabhairt nach n-inseoidh tú d'aon duine faoi na ballbhrúnna móra a chonaic tú ar a droim nuair a bhí sibh ag súgradh.

Cad is féidir leat a dhéanamh faoi dhrochrún? Ba cheart duit drochrún a insint do dhuine fásta a bhfuil muinín agat as nó aisti.

Cén fáth ar cheart duit drochrún a insint? Insíonn tú drochrún ar mhaithe le cuidiú a fháil. Cuimhnigh nach gcaithfidh tú drochrún a choinneáil. Inis an drochrún i gcónaí do dhuine fásta a bhfuil muinín agat as nó aisti agus coinnigh ort ag insint an drochrúin go dtí go n-éisteann duine éigin leat.

AM 21: Scéal – Rún Mháirtín


D'amharc Máirtín timpeall an bhoird ar a theaghlach. Bhí an chuma ar gach duine go raibh siad sásta. Bhí ceann de dhinnéir speisialta Mhamáí á ithe acu uile de bharr go raibh an scoil ag oscailt amárach arís tar éis laethanta saoire na Nollag.

Ní raibh Máirtín róshásta. Bhí sé an-chiúin an lá ar fad. Mar mhagadh dúirt Mamaí go raibh brón air siocair gurbh éigean dó filleadh ar an scoil. Níorbh é sin ach cuid bheag den scéal, áfach. Bhí cúis ní ba mhó lena thost.

Bhí fonn millteanach ar Mháirtín gach uile rud a insint ach bhí sé an-deacair an comhrá sin a thosú. Cad a tharlódh dá mbeadh fuath ag a theaghlach dó tar éis an rún a insint?

Is mór an trua gur cuireadh tús leis an eachtra an chéad lá riamh, ní raibh ann ach ábhar grinn ag an tús...

Tháinig buachaill nua, Pierre, isteach sa rang i Meán Fómhair na bliana seo caite. Ní raibh i gceist i dtús báire ach rudaí beaga, mar shampla, cóipleabhar obair bhaile Pierre a chur i bhfolach faoi leabhair na leabharlainne nó a pheann luaidhe a bhriseadh. B'ábhar grinn ag an am é a dheoch a leagan ag am lóin. Shíl na buachaillí eile go raibh sé greannmhar ar scor ar bith!





De réir a chéile, b'éigean do Mháirtín a bheith níos cúramái ionas nach mbéarfaí air, mar shampla, an t-am a chuir sé tuáille Pierre isteach sa linn. Ba léir ón gcaoi ar bhreathnaigh Pierre air gurbh eol do Pierre go ndearna sé d'aon turas é.

Chuaigh na míonna thart go dtí go raibh an Nollaig ann. Ba chosúil go raibh na buachaillí eile ag súil le cleasaíocht uaidh gach lá agus go mbeadh Pierre thíos leis.

Smaoinigh sé siar ar an lá a dúnadh an scoil.

D'eagraigh an múinteoir cóisir ranga. D'iarr sí orthu na dlúthdhioscaí agus na cluichí ab fhearr leo a thabhairt isteach. Thóg Pierre a iPod isteach agus bhí sé lán de cheol iontach. Cheangail an múinteoir an iPod leis na callairí.

Le linn do gach duine a bheith ag damhsa timpeall an tseomra, thug cuid de na buachaillí a dhúshlán iPod Pierre a leagan. Ní raibh sé ag iarraidh go ndéanfaí dochar dó. Bhí siad ag baint suilt as na hamhráin i ndeireadh na dála. Agus é ag léim thart, áfach, shocraigh sé buille beag a thabhairt dó lena uillinn. Nuair a thit sé ar an urlár, ghread buachaill eile a chos air go crua agus stad an ceol!

Nuair a d'fhéach Máirtín ar aghaidh Pierre bhraith sé tinn ina bholg. Cén fáth a raibh na rudaí uafásacha seo á ndéanamh aige?

Bhuail an mothú gránna sin é i rith na laethanta saoire. Bhí a fhios aige gur theastaigh uaidh deireadh a chur leis seo uile. Bhí a fhios aige go mbeadh sé i dtrioblóid cheart ach bhí air an rún a insint. Níor mhór dó gach rud a chur ina cheart agus chabhródh a mháthair agus a athair leis – cabhrú leis a bhrón a chur in iúl, cabhrú leis comaoín a chúiteamh le Pierre, cabhrú leis a bheith sásta ar scoil arís.

Pointí Plé:

- Cad a cheap tú a raibh Máirtín buartha faoi ag tús an scéil?
- Cad a theastaigh ó Mháirtín a insint dá thuismitheoirí?
- Cén fáth ar theastaigh uaidh é sin a insint dá thuismitheoirí?
- Cén fáth ar chaith Máirtín le Pierre mar sin, dar leat?
- An síleann tú go raibh an locht ar na buachaillí eile as na rudaí a rinne Máirtín?
- Cén chaoi a mothóidh Máirtín tar éis dó an rún a insint dá thuismitheoirí, dar leat?
- Céard faoi na páistí eile a bhí ag faire agus ag baint suilt as na cleasa a bhí á n-imirt ar Pierre bocht?

Ag Déileáil le Bagairtí agus Breabanna

Bagairtí: Cad faoi seo – tá tú sa seomra gléasta ag an linn snámha agus leagann buachaill níos sine lámh ar do bhaill phríobháideacha agus tugann sé rabhadh duit é a choinneáil faoi rún? Deir sé gur cinnte go mbeidh brón ort má insíonn tú an rún. An rún maith nó drochrún é sin?

Cad a d'fhéadfá a dhéanamh sa chás sin? Cuimhnigh nár chóir duit rún faoi theagmháil a choinneáil riamh. Ba cheart duit é a insint do dhuine fásta a bhfuil muinín agat as nó aisti agus cabhair a fháil.

Breabanna: *Cad faoi seo – deir duine éigin leat go dtabharfaidh sé/sí féirín, airgead nó bréagán nua duit má choinníonn tú rún? Cad ba cheart duit a dhéanamh?*

Mínigh gurb ionann breab agus cás ina ndeir duine éigin leat go tabharfaidh sé/sí féirín, airgead nó aon rud eile duit má dhéanann tú rud éigin nár cheart duit a dhéanamh. Leag béim ar a thábhachtaí atá sé an rún a insint. Níor cheart rún ar bith a choinneáil ach amháin rún mhaithe. Mothaíonn gach duine go maith i dtaobh rún maith. Tá sé ar nós ábhar iontais agus ní rún go deo é.

Spreag na páistí chun roinnt samplaí eile de dhrochrúin a thabhairt duit agus chun cuntas a thabhairt ar an méid a dhéanfaidís sna cásanna sin. Treisigh na rialacha sábháilteachta agus cuir ina luí orthu gur féidir leo drochrún a insint i gcónaí. Mura bhfuil siad cinnte cé acu an rún maith nó drochrún é, ba chóir dóibh é a insint do dhuine fásta i gcónaí.

Cad a tharlódh dá mbeadh an rún seo ag cara leat? Dúirt do chara leat gur leag duine éigin a lámh ar a b(h)aill phríobháideacha agus gur thug sé/sí rabhadh dó/di gan é a insint choíche. Cad ba cheart duit a dhéanamh?

Cén chomhairle a chuirfeá ar do chara?

Ag insint

Is iomaí cúis nach mbíonn sé éasca a insint do dhuine éigin faoi dheacracht atá againn. B'fhéidir go bhfuil tú náirithe nó b'fhéidir go bhfuil imní ort go gcuirfear an locht ortsa, cé go mothaíonn tú scanraithe nó neamhshábháilte de bharr gníomhartha duine éigin eile.

Cé dóibh a n-inseoidh tú faoi? Cuimhnigh ar an gCúigear Lontaofa. Is tábhachtach an deacracht a insint do dhuine fásta seachas do pháiste eile siocair go mbeidh an duine fásta in ann cabhrú leat.

Níor éist siad leat – cad a tharlódh anois? Má rinne tú iarracht dul i muinín do mháthar nó d'athar faoi rud éigin atá ag cur imní ort ach níor éist siad leat, cad a thiocfadh leat a dhéanamh? D'fhéadfá iarracht eile a dhéanamh.

Cad a thiocfadh leat a dhéanamh murar éirigh leis sin? D'fhéadfá an deacracht a insint do dhuine éigin eile. Ba cheart duit coinneáil ort ag insint na deacrachta go dtí go n-éisteann duine éigin leat.

Cathain ba cheart insint faoi? Déanaimid iarracht corrúair a insint do dhuine fásta faoi dheacracht atá againn ach ní éisteann siad linn i gceart. B'fhéidir go bhfuil siad gnóthach. B'fhearr dul chun cainte leo am éigin eile mar sin de. Mura n-éisteann siad linn fós, ar cheart dúinn géilleadh go hiomlán? Níor cheart – roghnaímid duine eile den Chúigear Lontaofa. Coinnigh ort ag insint na deacrachta go dtí go n-éisteann duine éigin leat.

Conas insint faoi: Tabhair deis do na páistí breathnú ar phas sábháilteachta pearsanta an Chúigir Lontaofa dá gcuid. Tig leo na daoine fásta a roghnaigh siad don Chúigear Lontaofa a insint dá bpáirtí agus fáthanna a thabhairt lena gcinneadh.



Conclúid

BO 13/NBS – Rún maith/Drochrún/Nílim cinnte: Ba chóir do na daltaí an bhileog oibre a thabhairt abhaile.



Nasc Baile is Scoile

BILEOG OIBRE 13

Rang a 1 agus Rang a 2

Rún maith/Drochrún/ Nílím cinnte



RÚN MAITH



DROCHRÚN



NÍLÍM CINNTE

Tógann duine de na páistí i do rang do lón i gcónaí agus tugann sé/sí rabhadh duit gan scéala a dhéanamh air/uirthi.

Tá d'aintín ag súil le leanbh nua ach níl sí ag iarraidh go mbeadh daoine taobh amuigh den teaghlach ar an eolas faoi go fóill.

Tá bulaíocht á déanamh ar do chara ar an mbealach abhaile ón scoil ach níl sé ag iarraidh go n-inseofa é sin d'aon duine ar eagla go n-éireodh an bhulaíocht níos measa.

D'iarr páiste níos sine ort do lámh a leagan ar a b(h)aill phríobháideacha.

Tá cóisir lá breithe á heagrú le aghaidh do dheirféar móire. Iarrtar ort an chóisir a choinneáil faoi rún.

Cuireann do chara iallach ort gealltanais a thabhairt nach n-inseoidh tú d'aon duine faoi na ballbhrúnna móra a chonaic tú ar a droim nuair a bhí sibh ag súgradh.



bí
sábháilte

Síniú Tuismitheora/Caomhnóra

Dáta:

Topaic 5

Strainséirí

Réasúnaíocht na Topaice:

Déanann páistí caidreamh le lear mór daoine gach lá. Beidh aithne acu ar roinnt de na daoine agus is strainséirí a bheidh i gcuid eile díobh.

Sa topaic seo, pléann páistí cad is strainséir ann. Cuirtear i láthair go soiléir na rialacha a bhaineann le déileáil go cuí le strainséirí a mbuaileann siad leo, duine le duine agus ar an idirlíon, agus déantar iad a chleachtadh i dtimpeallacht shábháilte an tseomra ranga.

bí
sábháilte



MAPÁIL LEIS AN GCURACLAM OSPS

Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

SNÁITHE:

Snáithaonaid:

MISE

Sábháilteacht agus Cosaint

Sábháilteacht Phearsanta

- Iniúchadh a dhéanamh ar straitéisí sábháilteachta iomchuí
- Cásanna agus áiteanna sábháilte a aithint, mar aon leo siúd ina bhféadfadh a sábháilteacht phearsanta a bheith i mbaol
- Tuiscint a fháil ar an gcaoi ar féidir le daoine eile áitiú air/uirthi a bheith ag gabháil d'iompar nach bhfuil sábháilte

Saincheisteanna Sábháilteachta

- Daoine a aithint atá freagrach as sábháilteacht i measc an phobail agus straitéisí sábháilteachta a fhoghlaim agus a chleachtadh d'fhonn an bóthar a thrasnú, an bus a úsáid nó bheith mar choisí
- A aithint agus a thuiscint go bhfuil gá le rialacha chun daoine a chosaint agus a choinneáil sábháilte

Snáithaonaid:

Féinaithne

Ag Déanamh Cinntí

- Roinnt roghanna laethúla a dhéanann sé/sí féin a aithint mar aon leis na cinn a dhéanann daoine eile
- Tús feasachta a fhorbairt ar nithe a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar na cinntí nó na roghanna a dhéanann siad

Stór focal

Naíonáin Bheaga/Mhóra	Rang a 1 agus Rang a 2
Strainséir	Teachtaireachtaí
Rialacha	Iompar
‘Stop’ a Rá, Imeacht, Insint	Rogha
	Treoracha
	Gránna

Topaic 5

Ceacht maidir le Strainséirí

Tá Acmhainní an Mhúinteora ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.



Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- A thuiscint cad is strainséir ann
- Foghlaim faoi straitéisí sábháilteachta chun déileáil go cuí le strainséirí
- A thuiscint gur daoine maithe iad bunús na strainséirí agus nár cheart go mbeadh eagla ná imní orainn ina dtaobh.

Acmhainní

BO 14: Tráth na gCeist ar Strainséirí

BO 15/Nasc Baile is Scoile: Strainséirí, cad faoi seo...

AM 22: Nasc físeáin – Gearrthóg físe Lee agus Kim

AM 23: Nasc físeáin– Bí Sábháilte ar líne (Amhrán)

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Inniu táimid chun plé a dhéanamh ar strainséirí agus ar an gcineál iompair a mholtar agus sinn i measc strainséirí.

Sa cheacht deireanach bhíomar ag caint ar rúin mhaithe agus ar dhrochrúin agus ar an tslí ar cheart rúin a insint ar mhaithe le coinneáil sábháilte.

Cuimhnigh ar na Rialacha Bí Sábháilte – ‘Stop’ a rá, lmeacht agus Insint do Dhuine Éigin. Ba chóir duit iad a úsáid aon uair a mhothaíonn tú neamhshábháilte nó buartha faoi rud éigin.

Inniu táimid chun labhairt faoi chúrsaí sábháilteachta agus sinn i measc strainséirí. Ba mhaith leat tú féin a choimeád sábháilte ach spraoi a bheith agat ag an am céanna.

Forbairt

Cad is strainséir ann?

Bain úsáid as ‘Bileog Oibre 14: Tráth na gCeist ar Strainséirí’ agus/nó as ‘Bileog Oibre 15: Strainséirí, cad faoi seo...’ le topaic na strainséirí a phlé leis na daltaí.

BO 14: Tráth na gCeist ar Strainséirí – Is féidir é seo a dhéanamh i ngrúpaí nó i mbeirteanna nó mar dhíospóireacht siúil sa halla.

Cuir na roghanna IS EA, NÍ HEA, NÍLIM CINNTE ar chártaí nó ar leathanaigh agus cuir ar bhallaí éagsúla sa halla/seomra ranga iad. Anois glaoigh amach na ráitis thíos agus lig do na daltaí dul go cibé rogha a phiocann siad.

Iarr ar na daltaí plé a dhéanamh ar na fáthanna ar phioc siad na roghanna sin – d’fhéadfadh roinnt daltaí a n-intinn a athrú agus dul go roghanna eile dá bharr.



- Is fir iad strainséirí de ghnáth
- Is strainséir é duine ar bith a mbuaileann tú leis/léi ar líne
- Is daoine deasa iad an chuid is mó de na strainséirí
- Bíonn a fhios agat trí fhéachaint ar strainséirí cé acu an féidir leat muinín a bheith agat astu nó nach féidir
- Níor cheart duit labhairt le strainséir go deo
- Ní bheidh d'ainm ar eolas ag strainséir
- Is daoine fásta iad strainséirí den chuid is mó
- Is strainséirí iad páistí nach bhfuil aithne agat orthu.

BO 15: Strainséirí, cad faoi seo... – Féadtar tabhairt faoin mbileog oibre seo mar ghníomhaíocht an ranga uile nó mar ghrúpghníomhaíocht.

- Cad faoi seo – tá tú ag súgradh os comhair do thí nuair a stopann carr agus iarrann an tiománaí treoracha chuig an scoil ort? Cad a dhéanfa? An mbeadh sé ceart go leor na treoracha a thabhairt dó/dí? An gcuirfeá scairt ar dhuine fásta? An mbeadh sé ceart go leor dul isteach sa charr agus an bealach a thaispeáint?
- Cad faoi seo – glaonn duine nach bhfuil aithne agat air/uirthi d'ainm agus tairgeann sé/sí síob abhaile duit? Cad a dhéanfa? An mbeadh sé ceart go leor dul in éineacht leis/léi?
- Cad faoi seo – tá tú sa pháirc le do chairde nuair a thagann bean chugat agus iarrann sí ort cabhrú léi chun dul ag lorg coileán atá imithe ar strae uaithi? Cad a dhéanfa? Ar chóir duit imeacht ó do chairde? An rachfa léi? Cuir i gcás go dtairgeann sí mílseáin duit chun cabhrú léi – cad a dhéanfa ansin?

Rólghlacadh: larr ar na páistí rólghlacadh a dhéanamh ar na cásanna 'Cad faoi seo...' agus an múinteoir i bpáirt an strainséara. Déan an tuiscint atá acu ar an méid atá múinte agat a thástáil trí chur ina luí orthu go bhfuil aithne agat orthu; trí bhreab a thairiscint dóibh; trí bhagairt orthu. Treisigh na freagraí cuí uile.

Rialacha maidir le Déileáil le strainséirí

Ar chóir go mbeadh eagla orainn roimh strainséirí, dar leat?

Níor chóir, bíonn strainséirí ann gach áit a dtéimid. Mar shampla, nuair a théimid go dtí an siopa b'fhéidir gur strainséirí iad na cúntóirí siopa. Nuair a bhímid ar an mbus b'fhéidir gur strainséir é an tiománaí.

Fiafraigh de na daltaí an bhfuil siad in ann smaoineamh ar chásanna eile ina bhféadfaimis bualadh le strainséirí.

Meabhraigh do na daltaí gur daoine maithe iad bunús na strainséirí. Ós rud é nach bhfuil aithne againn orthu, áfach, tá rialacha ann ba chóir dúinn a leanúint. Cuideoidh na rialacha sin linn a bheith sábháilte i measc strainséirí.

An féidir leo smaoineamh ar rialacha ar bith a d'fhéadfaidís a leanúint ionas go mbeidís sábháilte i measc strainséirí? Spreag na daltaí chun a 'rialacha' a roinnt. Déan plé ar oiriúnacht na rialacha molta.

Cuir ina luí ar na daltaí gurb iad seo a leanas na rialacha is tábhachtaí nach mór dóibh a leanúint:

- Ná téigh go deo in aon áit le strainséir
- Ná glac go deo le haon rud ó strainséir.

Strainséirí ar Líne

Bíonn go leor páistí san aois seo páirteach i ngníomhaíochtaí ar líne ina bhféadfaí a bheith ag déileáil le strainséirí. Dá bhrí sin, is tábhachtach go bhfoghlaímíonn siad conas a bheith sábháilte ar líne.



AM 22: Nasc Físeáin – Breathnaigh ar an bhfíseán maidir le sábháilteacht ar líne agus pléigh leis an rang é.

Cad a d'fhoghlaímíomar ón bhfíseán?

- Is féidir leis a bheith taitneamhach ag dul ar líne ach tá rialacha ann nach mór a leanúint le bheith sábháilte
- Ná tabhair faisnéis phearsanta/phríobháideach do dhuine ar bith ar líne, mar shampla, d'ainm iomlán, seoladh nó sonraí aitheantais eile
- Inis do dhuine fásta má tá duine éigin ag iarraidh faisnéis phearsanta a fháil uait ar líne
- Cuireann roinnt daoine teachtaireachtaí nimhneacha gránna faoi dhaoine eile ar líne. Ná tabhair freagra riamh ar na tuairimí ná ar na teachtaireachtaí sin. Taispeáin iad do dhuine fásta a bhfuil muinín agat as/aisti
- Ná creid go bhfuil gach duine a mbuaileann tú leo ar líne ag insint na fírinne faoi cé hiad féin – ná creid gach rud a fheiceann tú agus gach rud a léann tú
- Inis do dhuine fásta a bhfuil muinín agat as/aisti má mhothaíonn tú neamhshábháilte/míchompordach nuair atá tú ar líne mar gheall ar dhuine éigin eile.



AM 23: Físeán – Éist le hAmhrán Superhero Sid:

Amhrán Superhero Sid:

Bhí Lee agus Kim ar an idirlíon

Ba chuma leo faoi na hiarmhairtí

Ní raibh a fhios acu faoi na strainséirí

Go bhféadfaidís a bheith i mbaol

A bheith i mbaol

Tig leis an idirlíon a bheith taitneamhach

Ach cuimhnigh go bhfuil tú ag caint le cách

Agus má mhothaíonn tú neirbhíseach

Abair le duine é, abair amach

Abair le duine é, abair amach

Abair le duine é, abair amach

Abair le duine é, abair amach

Conclúid

Meabhraigh do na daltaí na rialacha a d'fhoghlaimíomar faoi strainséirí:


- Ná téigh go deo in aon áit le strainséir
- Ná glac go deo le haon rud ó strainséir.

Cuimhnigh nuair a bhíonn tú ar líne:

- Is strainséirí iad daoine nach bhfuil aithne agat orthu
- Ná bí gránna le daoine nuair a bhíonn tú ar líne
- Coinnigh faisnéis phearsanta faoi rún
- Inis do dhuine fásta a bhfuil muinín agat as/aisti má tharlaíonn rud éigin atá go dona nó rud éigin neamhshábháilte duit nuair a bhíonn tú ar líne.



BO 15/NBS: Strainséirí, cad faoi seo... –Ba chóir do dhaltai an bhileog oibre seo a phlé sa bhaile le tuismitheoir/caomhnóir. B'fhéidir gur mhaith leat go dtabharfaidís cóip d'Amhrán Superhero Sid abhaile leo freisin.



BILEOG OIBRE 14
Rang a 1 agus Rang a 2

Tráth na gCeist ar Strainséirí

**Cuir dath ar an
aghaidh**



IS EA



NÍ HEA



NÍLIM CINNTE

1. Is fir iad strainséirí de ghnáth



2. Is strainséir é duine ar bith a mbuaileann tú leis/léi ar líne



3. Is daoine deasa iad an chuid is mó de na strainséirí



4. Bíonn a fhios agat trí fhéachaint ar strainséirí cé acu an féidir leat muinín a bheith agat astu nó nach féidir



5. Níor cheart duit labhairt le strainséir go deo



6. Ní bheidh d'ainm ar eolas ag strainséir



7. Is daoine fásta iad strainséirí den chuid is mó



bí
sábháilte





Nasc Baile is Scoile

BILEOG OIBRE 15

Rang a 1 agus Rang a 2

Strainséirí, cad faoi seo...

Cad faoi seo – tá tú ag súgradh os comhair do thí nuair a stopann carr agus iarrann an tiománaí treoracha chuig an scoil ort? Cad a dhéanfa? An mbeadh sé ceart go leor na treoracha a thabhairt dó/di?

An gcuirfeá scairt ar dhuine fásta?

An mbeadh sé ceart go leor dul isteach sa charr agus an bealach a thaispeáint?

Cad faoi seo – glaonn duine nach bhfuil aithne agat air/uirthi d'ainm agus tairgeann sé/sí síob abhaile duit?

Cad a dhéanfa?

An mbeadh sé ceart go leor dul in éineacht leis/léi?

Cad faoi seo – tá tú sa pháirc le do chairde nuair a thagann bean chugat agus iarrann sí ort cabhrú léi chun dul ag lorg coileán atá imithe ar strae uaithi?

Cad a dhéanfa?

Ar chóir duit imeacht ó do chairde?

An rachfa léi?

Cuir i gcás go dtairgeann sí milseáin duit chun cabhrú léi – cad a dhéanfa ansin?

Léigh agus pléigh na cásanna
'Cad faoi seo...' le do pháiste.



Síniú Tuismitheora/Caomhnóra

Dáta:

Tá an acmhainn seo ar fáil le híoslódáil ag:

www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm

www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Á mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna